AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 553 final

2025/0237 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar (‘scéim scoile an Aontais’), idirghabhálacha earnála, earnáil próitéine a chruthú, ceanglais maidir le cnáib, an fhéidearthacht maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh cáise, barra próitéine agus feola, cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise, rialacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí tráth éigeandála agus géarchéime tromchúise agus urrúis

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is earnálacha straitéiseacha don Aontas iad an fheirmeoireacht agus an bia, lena gcuirtear bia sábháilte ardcháilíochta ar fáil do 450 milliún Eorpach ar phraghsanna inacmhainne agus tá ról lárnach acu maidir le slándáil bia san Eoraip agus ar fud an domhain. An tráth céanna, tá siad ríthábhachtach chun an geilleagar agus an saol a chothú i gceantair thuaithe, chomh maith le cuid thábhachtach den réiteach chun an aeráid, an dúlra, ithreacha, uisce agus an bhithéagsúlacht atá faoi strus faoi láthair a chosaint. Tá an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) i gcroílár an tionscadail Eorpaigh agus tugadh gealltanas leis breis agus 60 bliain ó shin slándáil bia agus caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta, i gcomhréir le cuspóirí Chonarthaí an Aontais.

Tá an gealltanas sin chomh hábhartha céanna inniu agus a bhí sé an tráth sin, ós rud é go bhfuil dúshláin shuntasacha fós roimh earnáil talmhaíochta an Aontais. Cuireann na réimsí iomaíochta domhanda míchothroma, roinnt spleáchas ar allmhairí agus leochaileacht i leith éiginnteachtaí geopholaitiúla leis an éiginnteacht fhadtéarmach atá roimh fheirmeoirí an Aontais. An tráth céanna, ní mór d'fheirmeoirí ioncam níos fearr a fháil ón margadh, rud a chuirfeadh ar a gcumas na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh le haghaidh feirmeacha a sheasfaidh an aimsir agus a bheidh athléimneach. Chun go dtiocfadh sé sin chun cinn, ní mór aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair sa slabhra bia ina ndéanann dáileadh éagórach ioncaim, rioscaí agus ualach na gcostas difear díréireach do tháirgeoirí príomhúla go minic.

Tugann na dúshláin sin údar le hidirghabháil phoiblí don earnáil agus, an tráth céanna, éilítear leo freagairt beartais láidir oiriúnaitheach chun earnáil talmhaíochta iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe a áirithiú. I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia'[1], rannchuideodh freagairt beartas den sórt sin freisin le hearnáil níos tarraingtí agus níos intuartha a áirithiú ina gcuirfeadh ioncaim ar chumas feirmeoirí dul chun cinn a dhéanamh agus na glúnta atá le teacht a mhealladh. Sa chomhthéacs sin, dá saineofaí coinníollacha cuí cumasúcháin ar leibhéal an Aontais mar aon le tacar uaillmhianach uirlisí, chuideofaí le feirmeoirí a n-acmhainneacht fiontraíochta a ghiaráil, a seasamh sa slabhra luacha a threisiú, lena n-áirítear dreasachtaí d'fheirmeoirí chun rioscaí a chomhroinnt (e.g. trí eagraíochtaí táirgeoirí nó comharchumainn). An tráth céanna, trí thacú le hinfheistíochtaí in oiliúint, i malartú dea-chleachtas, i nglacadh modhanna táirgthe nuálacha agus i gcleachtais chuí bainistithe riosca ar leibhéal na feirme, tacaítear le feirmeoirí, ar an gcaoi sin, foinsí éagsúla ioncaim a fhiosrú agus deiseanna margaidh nua a thapú, amhail na deiseanna sin a bhaineann leis na feidhmeanna bithgheilleagair cnáibe atá ag fás.

Sin é an fáth a meastar go bhfuil tacaíocht shonrach d'earnálacha áirithe straitéiseach chun cur le cuspóirí CBT a bhaint amach agus chun sineirgí le hionstraimí eile CBT a neartú. Tá tacaíocht an Aontais do bharra próitéine chomh tábhachtach céanna i bhfianaise na ndúshlán agranamaíoch agus na leochaileachta aeráide a chuireann teorainn leis an spéis atá ag feirmeoirí páirt a ghlacadh san earnáil sin. An tráth céanna, cinntear an aird ar leith sin freisin

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia – Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht' 19.2.2025, COM(2025) 75 final.

mar gheall ar an ngá atá le spleáchas an Aontais ar allmhairí próitéiní ardcháilíochta a laghdú, agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a threisiú, i gcomhréir leis an bhFís.

Sa chomhthéacs sin agus mar a mheabhraítear san Fhís, tá beostoc inbhuanaithe fós ina chuid ríthábhachtach de thalmhaíocht, d'iomaíochas agus de chomhtháthú an Aontais. Tá earnáil beostoic an Aontais thar a bheith leochaileach i leith turraingí éagsúla agus iomaíocht dhomhanda, agus ceanglaítear uirthi ardchaighdeáin táirgthe a chomhlíonadh nach dtugann an margadh luach saothair dóibh i gcónaí. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do chomhdhéanamh nádúrtha feola agus táirgí feola, ar mhaithe le táirgeoirí agus tomhaltóirí an Aontais araon, ós rud é gur minic a bhíonn tábhacht chultúrtha ag baint le téarmaí a bhaineann le feoil.

I gcomhréir le Tuarascáil Niinistö maidir le hUllmhacht agus Réidhe an Aontais[2] agus sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta[3], ba cheart breithnithe ullmhachta a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais. Tharla suaitheadh suntasach sa réaltacht nua seo, ón bpaindéim, ó chogadh foghach na Rúise agus suaití sa mhargadh, go dtí galair ainmhithe agus plandaí agus staid gheopholaitiúil luaineach. Sin é an fáth, chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an Chonartha ar an Aontas Eorpach maidir le hinfhaighteacht soláthair a áirithiú, agus in am éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha freisin**,** gur cheart ullmhacht san earnáil talmhaíochta ar fud na mBallstát a fheabhsú. Ba cheart é sin a bhaint amach trí thionscnaimh náisiúnta a chomhlánú, comhordú idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún a fheabhsú agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus cultúr ullmhachta agus athléimneachta a chothú, agus inniúlachtaí náisiúnta agus imthosca sonracha gach Ballstáit á n-urramú go hiomlán chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Go háirithe, an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Straitéis an Aontais um stoc-charnadh: Borradh a chur faoi ullmhacht ábhair an Aontais i leith géarchéimeanna'[4] cuireann sí i dtábhacht go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach, i ngéarchéimeanna tromchúiseacha, fadtéarmacha, casta agus trasteorann, bearta náisiúnta a chomhordú chun soláthar seasta earraí fíor-riachtanacha agus leanúint d'fheidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a áirithiú.

An tráth céanna, i gcomhréir leis an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tomhaltóirí an Aontais – go háirithe grúpaí leochaileacha amhail leanaí – a athnascadh le bia agus le críocha áitiúla do thodhchaí na feirmeoireachta san Eoraip. Ar an gcúis sin, ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun cáilíocht bhia an Aontais a chur chun cinn ar mhargaí na hEorpa, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí, agus ar na margaí idirnáisiúnta. Chuirfeadh tionscnaimh den sórt sin feabhas ar iomaíochas earnáil na talmhaíochta chomh maith le nósanna itheacháin níos sláintiúla a spreagadh i measc an phobail i gcoitinne. I ndáil leis sin, léiríodh go bhfuil an chabhair maidir le torthaí agus glasraí agus bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais ('scéim scoile an Aontais') éifeachtach maidir le tomhaltas táirgí talmhaíochta roghnaithe a mhéadú, ach ba cheart a héifeachtacht agus a comhleanúnachas le hionstraimí CBT eile a neartú a thuilleadh.

---

2 Safer Together – Strengthening Europe's Civilian and Military Preparedness and Readiness [Níos Sábháilte le Chéile – Ullmhacht Shibhialtach agus Mhíleata na hEorpa a Neartú].

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta, JOIN(2025) 130 final.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis an Aontais um stoc-charnadh: Borradh a chur faoi ullmhacht ábhair an Aontais i leith géarchéimeanna, COM(2025) 528 final.

Leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] na rialacha bunúsacha maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (CEM). Le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034, rialófar tacaíocht airgeadais do bhearta a leagtar síos sa Rialachán sin leis an gcreat dlíthiúil a leagtar amach i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [maidir le Ciste CNR][6]. Beidh an tacaíocht sin faoi réir na rialacha a shonraítear i Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta][7] freisin, lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais buiséid agus creat feidhmíochta mar aon le rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, mura sonraítear a mhalairt.

Ar an gcaoi chéanna, gheobhaidh scéim scoile an Aontais agus tacaíocht d'earnálacha talmhaíochta sonracha tacaíocht airgeadais trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('Pleananna CNR') faoi Rialachán (AE) .../… [Rialachán maidir le Ciste CNR]. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil siad sin nasctha le margaí táirgí talmhaíochta, ba cheart na rialacha sonracha maidir leis an gcineál idirghabhála a leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Ina theannta sin, chun forbairtí in earnáil na talmhaíochta a chur san áireamh agus chun cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a fheabhsú, is gá forálacha áirithe den Rialachán sin a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Thairis sin, tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus i bhfianaise na dtograí le haghaidh Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], ba cheart cumhachtuithe áirithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] maidir le hidirghabháil phoiblí, cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach, cuótaí rátaí taraife, eagraíochtaí táirgeoirí agus urrúis a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Thairis sin, tar éis forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhtháthú[10] i Rialachán (AE) .../… [Rialachán maidir le Ciste CNR], ba cheart cuid dá fhorálacha a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 freisin.

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

6 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] […] [Rialachán maidir le Ciste CNR] (IO L …, ELI:…).

7 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] […] [an Rialachán Feidhmíochta] (IO L …, ELI:…).

8 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj).

9 Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

10 Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/228/oj).

Chun ailíniú le forálacha Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, is gá forálacha áirithe a thabhairt cothrom le dáta chun dleachtanna allmhairiúcháin breise a ríomh.

Mar chuid den tionscnamh seo, ba cheart forálacha a leagan síos maidir leis na coinníollacha chun táirgí cnáibe a tháirgeadh agus a mhargú. Ba cheart na rialacha atá ann cheana maidir le hallmhairiú cnáibe a thabhairt cothrom le dáta ar mhaithe le comhsheasmhacht freisin.

Ar deireadh, ba cheart foráil a dhéanamh i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le forálacha i ndáil le soláthairtí táirgí talmhaíochta a bheith ar fáil le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán i gcomhréir le cuspóirí Chonradh CBT a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE. Tá cuspóirí na leasuithe i gcomhréir le rialacha maidir le comheagrú na margaí i gcás táirgí talmhaíochta . Tá sé d'aidhm acu feabhas a chur ar chomheagrú na margaí atá ann cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na leasuithe i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais agus treisítear leo ról rialacha CEM agus ionstraimí gaolmhara maidir le rannchuidiú le cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagail 42, 43(2) agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Leis an mbunús dlí déantar foráil maidir le: bunú chomheagrú na margaí talmhaíochta agus forálacha eile a bhfuil gá leo chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú, agus rialacha maidir le bearta sonracha sna réigiúin is forimeallaí.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is réimse inniúlachta comhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit í an talmhaíocht, agus dá bhrí sin, tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

I bhfianaise na gné uile-Aontais de chomheagrú na margaí agus ós rud é go rialaítear léi saorghluaiseacht táirgí talmhaíochta sa mhargadh inmheánach, ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla ar leibhéal an Aontais in ionad leibhéal na mBallstát agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Thairis sin, is leasuithe iad na hathruithe atá beartaithe ar chomheagrú na margaí atá ann cheana i gcás táirgí talmhaíochta.

- **Comhréireacht**

Is éard atá sa togra athruithe teoranta agus spriocdhírithe ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, a bhfuil gá leo ar mhaithe le dea-fheidhmiú chomheagrú na margaí atá ann cheana.

- **An rogha ionstraime**

I bhfianaise chuspóirí agus ábhar an togra, is é leasú ar na rialacháin atá ann cheana an ionstraim is iomchuí.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Tá an togra mar chuid den athbhreithniú ar CBT tar éis 2027 a ndearnadh measúnú tionchair foriomlán agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ina leith.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis na leasuithe atá beartaithe na cearta agus comhlíontar leo na prionsabail atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos i Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR]. Forálacha Rialachán (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] maidir le hurraim do chearta bunúsacha agus don smacht reachta, beidh feidhm acu freisin maidir le scéim scoile an Aontais agus maidir leis an tacaíocht d'earnálacha talmhaíochta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tacóidh an Ciste a bhfuil rialacha leagtha síos ina leith i Rialachán (AE).../... le scéim scoile an Aontais agus leis an tacaíocht d'earnálacha talmhaíochta. [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta]. A mhéid a bhaineann le scéim scoile an Aontais, socraítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/106 ón gCoimisiún leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029 agus, dá réir sin, tá sé ag briseadh isteach sa chéad tréimhse eile den chreat airgeadais ilbhliantúil ('CAI'), le haghaidh na mblianta 2028 go 2034. Mar a tharla le CBT i ndiaidh 2027, bunófar scéim scoile nua ó 2028 ar aghaidh, ní mór leithdháileadh laghdaithe sonrach a shainiú don tréimhse 5 mhí, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2027, don scoilbhliain 2027/2028, toisc go mbeidh a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú fós faoi réir an CAI atá i bhfeidhm faoi láthair.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán (AE) .../… [an Rialachán Feidhmíochta], lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais buiséid agus creat feidhmíochta mar aon le rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, mura sonraítear a mhalairt.

Idirghabhálacha scéim scoile an Aontais

Soláthraítear leis na forálacha dlíthiúla na paraiméadair bhunúsacha beartais, amhail cuspóirí na scéime agus a bunriachtanais, agus bheadh freagracht níos mó ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad na cuspóirí agus a mbaineann siad amach na spriocanna. Le coimhdeacht fheabhsaithe, is féidir dálaí agus riachtanais áitiúla a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Rialachán (AE) .../... Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha [Rialachán maidir le Ciste CNR] maidir le scéim scoile an Aontais agus ba cheart rialacha sonracha maidir leis an gcineál idirghabhála sin a leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Chun laghdú a dhéanamh ar iontógáil saorshiúcraí agus saorshaillte ag leanaí scoile, ba cheart teorainn a chur le dáileadh táirgí ina bhfuil leibhéal ard saorshiúcraí agus saorshaillte. Chun feasacht leanaí a mhúscailt maidir leis an éagsúlacht táirgí a shaothraítear san Aontas chomh maith lena gcáilíochtaí éagsúla, ba cheart tosaíocht a thabhairt do dháileadh táirgí de

thionscnamh an Aontais in éineacht le critéir atá nasctha le caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil agus sóisialta níos airde. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear bearta múscailte feasachta chun feidhme maidir le hábhair áirithe. De réir mar a bheidh agus chun dúbláil a sheachaint, is féidir an curaclam náisiúnta a úsáid in ionad na scéime. I bhfianaise na himní méadaithe maidir le bianna próiseáilte agus táirgí a bhféadfadh cion ard siúcraí breise a bheith iontu, nach gcomhlíonann riachtanais chothaitheacha leanaí, ba cheart na táirgí sin a eisiamh ó scéim scoile an Aontais. Tagann na gnéithe nua sin chun cinn ón meastóireacht ar an scéim, mar a ndearnadh mionanailís orthu sa mheasúnú tionchair.

Idirghabhálacha earnála

Sainítear leis na forálacha dlíthiúla íoscheanglais maidir le hábhair agus cuspóirí beartais na gcineálacha idirghabhála sin a bhfuil sé d'aidhm fhoriomlán acu feidhmiú agus cobhsaíocht éifeachtúil na margaí talmhaíochta a áirithiú. D'áiritheofaí leis sin cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach agus leagfaí síos coinníollacha iomaíochta cothroime agus córa. Agus idirghabhálacha in earnálacha áirithe á gcur san áireamh ina bPleananna CNR, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht le hidirghabhálacha eile ar leibhéal earnála a áirithiú. Leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe, ba cheart tacaíocht a thabhairt d'earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, an fhíona, na mbarr próitéine, na dtáirgí beachaireachta, na hola olóige agus na n-ológ boird agus na leannlusanna, agus d'earnálacha agus do tháirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus, a meastar go mbeidh éifeachtaí tairbhiúla ag bunú idirghabhálacha sonracha maidir le cuid nó gach ceann de chuspóirí ginearálta agus sonracha CBT atá á saothrú le Rialachán (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] a bhaint amach.

Barra próitéine

Leis na forálacha dlíthiúla, tugtar isteach rialacha sonracha maidir le haitheantas sainordaitheach a thabhairt do tháirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe san earnáil sin. Chuideodh sé sin leis an slabhra luacha a neartú ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, agus le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin agranamaíocha a chuirfeadh leas feirmeoirí san earnáil sin i mbaol.

Chun tacú le táirgeadh barr próitéine agus chun spleáchas an Aontais ar allmhairí le haghaidh próitéiní ardcháilíochta a laghdú, ba cheart earnáil barr próitéine ar leith a chruthú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Chun na críche sin, tiocfaidh earnáil na mbarr próitéine in ionad earnáil an fharae thriomaithe atá ann faoi láthair. Aistreofar táirgí a bhaineann le hearnáil na mbarr próitéine ó Chuid XXIV d'Iarscríbhinn I go dtí Roinn 1 i gCuid IV d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Aistreofar farae triomaithe nach barra próitéine iad ó Chuid IV d'Iarscríbhinn I atá ann faoi láthair go Cuid XXIV den Iarscríbhinn sin. Ba cheart an tagairt d'earnáil an fharae thriomaithe a bhaint d'Airteagal 6 maidir le blianta margaíochta.

Ba cheart forálacha idirthréimhseacha a chur le hAirteagail 154 agus 158 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí (POnna) atá ann cheana agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe (IBOnna) atá aitheanta cheana féin le haghaidh táirgí a thagann faoi earnáil na mbarr próitéine nua.

Ba cheart earnáil na mbarr próitéine a chur le liosta na n-earnálacha a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt dóibh, arna iarraidh sin, d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe (Airteagal 159, pointí (a) agus (b), faoi seach de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013).

Caighdeáin mhargaíochta

I gcomhréir le conclúidí na tuarascála ón gCoimisiún maidir le caighdeáin mhargaíochta nua le haghaidh glasraí léagúmacha triomaithe agus pónairí soighe[11], is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin mhargaíochta a leagan síos le haghaidh barra próitéine chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi thionscnamh na dtáirgí barr próitéine a cheannaíonn siad. Ar an gcúis chéanna, ba cheart mairteoil, muiceoil, caoireoil agus feoil ghabhair a chur leis an liosta ar féidir caighdeáin mhargaíochta a ghlacadh ina leith. Ina theannta sin, agus é mar chuspóir sainmhíniú agus comhdhéanamh cáiseanna áirithe a chomhchuibhiú, b'fhéidir, chun bonn coiteann cáilíochta a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin mhargaíochta a leagan síos le haghaidh cáise.

Cnáib

Tagann cnáib faoi CEM CBT, agus leathnaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a raon feidhme thar úsáid snáithíní. Is féidir le feirmeoirí íocaíochtaí CBT limistéarbhunaithe a fháil má chomhlíonann siad critéir chaighdeánacha agus critéir a bhaineann go sonrach le cnáib, lena n-áirítear cineálacha a fhás ina bhfuil cion Δ9-teitrihidreacannaibionóil ('THC') faoi bhun 0,3 % chun saothrú aindleathach barr a chosc.

Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[12] nach druga é cannaibidhé-ól ('CBD') ón bplanda *Cannabis Sativa* ina iomláine faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha. Mar sin féin, cuireann neamhréireachtaí i measc rialacháin na mBallstát teorainn le húsáid iomlán plandaí agus le hacmhainneacht eacnamaíoch, go háirithe maidir le bairr bhláthaithe. Is féidir leis na neamhréireachtaí sin bac a chur ar fheirmeoirí rochtain a fháil ar thacaíocht CBT nó táirgí cnáibe a mhargú ar fud na mBallstát.

Chun aghaidh a thabhairt air sin, áireofar i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 rialacha maidir le táirgeadh agus margú cnáibe. Leasófar Airteagal 189, agus leathnófar Iarscríbhinn I, Cuid VIII chun gach cuid de phlandaí cnáibe a chuimsiú mar tháirgí talmhaíochta, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais CBT. Is é is aidhm dó sin ailíniú le fás mhargadh cnáibe an Aontais, rud a thabharfaidh deimhneacht dhlíthiúil d'fheirmeoirí.

Le forálacha dlíthiúla nua, cosnófar cosaint na sláinte poiblí freisin, lena gcoinneofar deimhniú síolta go docht agus teorainn 0,3 % THC, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le drugaí. Tacaíonn fianaise eolaíoch le riosca íseal sláinte ó chineálacha cnáibe ina bhfuil suas le 0,3 % THC. Chun Iarscríbhinn I, Cuid VIII a chomhchuibhiú, beidh feidhm ag athruithe freisin maidir le ros lín, agus bogfar táirgí ábhartha ó Iarscríbhinn I, Cuid XXIV, Roinn 1.

Le forálacha idirthréimhseacha, tabharfar cosaint d'eagraíochtaí táirgeoirí atá ann cheana agus ligfidh siad d'fheirmeoirí cnáib a chur ar an margadh sula mbeidh feidhm ag rialacha nua. Le cur i bhfeidhm iarchurtha, beidh am ag páirtithe leasmhara dul in oiriúint don chreat rialála nua.

---

[11] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 75(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le caighdeáin mhargaíochta nua le haghaidh leann úll agus leann piorraí agus le haghaidh glasraí léagúmacha triomaithe agus pónairí soighe, COM/2023/200 final

[12] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Samhain 2020, *B S agus C A v. Ministère public et Conseil national de l'ordre des pharmaciens*, C-663/18, EU:C:2020:938.

Siúcra

Ceanglaítear le hAirteagal 125 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go rialófar na téarmaí chun biatas siúcra agus cána siúcra a cheannach le comhaontuithe i scríbhinn laistigh den trádáil, mar a thuairiscítear i gCuid II, Roinn A, pointe 6, d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Ceanglaítear le hAirteagal 125(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go mbeidh na comhaontuithe laistigh den trádáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh a leagtar síos in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart na forálacha sin a leasú ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna comhaontuithe laistigh den trádáil agus a mhéid a bhaineann leis na táirgí lena mbaineann na comhaontuithe sin agus faoi réir téarmaí ceannaigh.

Thairis sin, chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú agus cosaint chearta na ndíoltóirí biatais i gcaidrimh chonarthacha le gnóthais siúcra a threisiú, is gá pointe VIII d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun foráil shainráite a dhéanamh go bhfanfaidh úinéireacht an laín biatais ag an díoltóir biatais mura gcomhaontaítear a mhalairt.

Chun dóthain ama a thabhairt do pháirtithe leasmhara ó earnáil an tsiúcra oiriúnú, ba cheart cur i bhfeidhm na n-athruithe a bhaineann leis na comhaontuithe laistigh den trádáil a chur siar go dtí an 1 Deireadh Fómhair tar éis na bliana a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

Dleachtanna allmhairiúcháin breise

Le hAirteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir leis an modh ríofa a fhéadfar a úsáid chun an truicearmhéid a shocrú chun dleachtanna allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm. Chun an modh ríofa a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht a léiriú i gceart, ba cheart Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun a shonrú gur cheart an ríomh a bhunú ar an meán-allmhairiú bliantúil sna 3 bliana roimhe sin. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 182(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach bhforchuirfear dleachtanna breise i gcás nach dócha go gcuirfidh allmhairí isteach ar mhargadh an Aontais, nó i gcás ina mbeadh éifeachtaí díréireacha leis an gcuspóir atá beartaithe. Mar sin féin, is deacair a léiriú gur dócha go gcuirfidh allmhairí isteach ar mhargadh an Aontais agus, i gcás táirgí séasúracha meatacha, i gcás ina bhfuil feidhm ag coimirce den sórt sin faoi láthair, is minic nach féidir é sin a dhéanamh nó nach mbíonn siad tráthúil go leor. Ós rud é go dtéann an ceanglas sin thar na hoibleagáidí a leagtar amach i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na bpáirtithe leasmhara agus an nós imeachta a shimpliú, ba cheart mír 2 dá dtagraítear a scriosadh.

Rialacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha

Le forálacha dlíthiúla, tugtar isteach oibleagáidí ar na Ballstáit bearta ullmhachta bonnlíne a ghlacadh lenar cheart a áirithiú bunú pleananna ullmhachta agus freagartha náisiúnta agus/nó réigiúnacha a bhaineann le táirgí talmhaíochta, comhroinnt thráthrialta faisnéise faoi stoic táirgí talmhaíochta, ainmniú údarás inniúil agus rannpháirtíocht i gcleachtaí tástála struis ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na hiarrachtaí sin a chomhlánú le hoibleagáidí feabhsaithe le linn géarchéimeanna nó cásanna ardriosca, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach.

Is é is aidhm do Straitéis an Aontais um stoc-charnadh cúltaiscí láraithe a chomhcheangal le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit, le tacaíocht ó chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí chun éifeachtúlacht, inscálaitheacht agus costéifeachtacht a áirithiú. I gcás ina mbunaíonn agus ina

mbainistíonn na Ballstáit cúltaiscí táirgí talmhaíochta, ba cheart rialacha a thabhairt isteach chun a áirithiú go ndeartar na bearta sin ar bhealach a íoslaghdaíonn saobhadh margaidh.

Ainmniúcháin feola

Ba cheart forálacha dlíthiúla sonracha a thabhairt isteach chun téarmaí a bhaineann le feoil a chosaint chun trédhearcacht a fheabhsú sa mhargadh inmheánach maidir le comhdhéanamh bia agus ábhar cothaitheach agus chun a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh, go háirithe dóibh siúd atá ag lorg cion cothaitheach sonrach a bhaineann go traidisiúnta le táirgí feola.

Clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI)

I bhfianaise na dtograí le haghaidh Rialacháin (AE).../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir le húsáid lógó chun táirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán a mhargú sna réigiúin is forimeallaí agus an maolú maidir le Státchabhair le haghaidh íocaíochtaí náisiúnta d'earnáil an tsiúcra sna réigiúin is forimeallaí de chuid na Fraince, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Rialacha agus cumhachtuithe atá in easnamh a chur isteach arís

Leagadh síos rialacha chomh maith le cumhachtuithe atá ábhartha do bhearta dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus leagtar síos iad faoi láthair i Rialachán (AE) 2021/2116. Tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i bhfianaise na dtograí le haghaidh Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], na rialacha agus na cumhachtuithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2116 maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach, taraif-chuótaí, aitheantas eagraíochtaí táirgeoirí agus urrús, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Cur i bhfeidhm iarchurtha agus rialacha idirthréimhseacha

Chun dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit agus d'oibreoirí na rialacha nua a chomhlíonadh, ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a chur siar i gcás leasuithe a bhaineann le comhaontuithe laistigh den trádáil d'earnáil an tsiúcra, coinníollacha maidir le margaíocht, táirgeadh agus allmhairiú cnáibe, agus na forálacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí le linn éigeandálaí agus géarchéim thromchúiseach. Thairis sin, chun aistriú rianúil chuig scéim scoile nua an Aontais a áirithiú, maidir le scriosadh na bhforálacha a bhaineann le scéim scoile an Aontais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart feidhm a bheith aige sin ón 1 Eanáir 2028, ach ba cheart feidhm a bheith aige fós maidir le bearta a chuirfear chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2027. Thairis sin, ós rud é go gcuirfear deireadh le scéim scoile an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair an 31 Nollaig 2028, ní mór leithdháileadh laghdaithe sonrach a shainiú don tréimhse 5 mhí, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2027, don scoilbhliain 2027/2028, ós rud é go dtiocfaidh a cur chun feidhme agus a maoiniú fós faoin CAI atá ann faoi láthair.

2025/0237 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar ('scéim scoile an Aontais'), idirghabhálacha earnála, earnáil próitéine a chruthú, ceanglais maidir le cnáib, an fhéidearthacht maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh cáise, barra próitéine agus feola, cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise, rialacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí tráth éigeandála agus géarchéime tromchúise agus urrúis

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 dar teideal 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia'[15] , fógraítear go ndéanfar foráil sa chomhbheartas talmhaíochta (CBT) tar éis 2027 maidir le freagracht agus cuntasacht bhreise do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad cuspóirí CBT, rud a thacóidh le hioncaim feirmeoirí agus a chobhsóidh iad, a mheallfaidh an ghlúin feirmeoirí atá le teacht, agus a ráthóidh an tslándáil bia. Ba cheart beartas níos simplí agus níos spriocdhírithe a bheith ann ina mbeadh níos mó solúbthachta d'fheirmeoirí agus ina n-aistreofaí ó cheanglais go dreasachtaí d'fheirmeoirí.

(2) Áirítear sa chreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2028 go 2034 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán maidir le Ciste CNR][16] lena mbunaítear an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (an 'Ciste') le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034, lena ngrúpáiltear na cistí a réamh-leithdháileadh go náisiúnta faoin gCiste, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt

13 IO C […], […], lch. […].

14 IO C […], […], lch. […].

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia – Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht' 19.2.2025, COM(2025) 75 final.

16 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] […] [Rialachán maidir le Ciste CNR] (IO L …, ELI:…).

Tuaithe (CETFT). I gcomhréir leis an Rialachán sin, tá an Ciste le cur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('PleanannaCNR') agus trí Shaoráid an Aontais ('an tSaoráid').

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] déantar foráil maidir le gach bunghné de chomheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta.

(4) Tacaíocht CBT dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 don tréimhse tar éis 2027, tacóidh an Ciste léi agus beidh sí faoi réir na rialacha a leagtar síos i Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta][18], arna chomhlánú le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(5) Tá deacrachtaí leanúnacha ag táirgeadh barr próitéine san Aontas, go háirithe mar gheall ar sholáthar agus éileamh luaineach ar an leibhéal áitiúil agus na dúshláin agranamaíocha a bhaineann lena saothrú, rud a fhágann gur rogha iad lena ngabhann riosca níos airde d'fheirmeoirí. Chun tacú lena dtáirgeadh agus chun spleáchas an Aontais ar allmhairí próitéiní ardcháilíochta a laghdú, is iomchuí earnáil barr próitéine ar leith a chruthú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Thairis sin, chun bunú eagraíochtaí táirgeoirí agus idirchraoibhe in earnáil na mbarr próitéine a éascú, agus ar an gcaoi sin an slabhra luacha a neartú ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirthréimhseach, ba cheart a haitheantas a bheith sainordaitheach. Ós rud é gur cheart príomhtháirgí earnáil an fharae thriomaithe a liostaítear i gCuid IV d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a áireamh in earnáil na próitéine, ba cheart earnáil an fharae thriomaithe a bhaint as Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(6) Lena breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2016 i gCás C-113/14[19], neamhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt') Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena gcinntear na tairseacha tagartha do tháirgí talmhaíochta ar an bhforas nár cheart na tairseacha sin a bheith glactha ach ag an gComhairle amháin, ar thogra ón gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a scriosadh.

(7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha maidir le hidirghabháil phoiblí. Le Rialachán (AE) 2021/2116 leagadh síos rialacha maidir le caiteachas idirghabhála poiblí agus cumhachtaíodh don Choimisiún an Rialachán sin a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an gcineál beart atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas agus na coinníollacha aisíocaíochta, na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríofa bunaithe ar an bhfaisnéis iarbhír a bhreathnaigh na gníomhaireachtaí íocaíochta, maidir le rátaí comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó maidir le méideanna ar ráta comhréidh nó méideanna nach raibh ar ráta comhréidh dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta in earnálacha sonracha, luacháil oibríochtaí i

---

17 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

18 Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] […] [an Rialachán Feidhmíochta] (IO L …, ELI:…).

19 Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Meán Fómhair 2016, *An Ghearmáin v An Pharlaimint agus An Chomhairle*, C-113/14, EU:C:2016:635.

ndáil le hidirghabháil phoiblí, na bearta le déanamh i gcás ina gcaillfí táirgí nó ina dtiocfadh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí, agus cinneadh na méideanna atá le maoiniú. Ós rud é go bhfuil gá leis na rialacha sin le haghaidh fheidhmiú chóras na hidirghabhála poiblí, ba cheart na cumhachtuithe atá ann cheana a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(8) I dteannta na rialacha maidir le hidirghabháil phoiblí, leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 rialacha maidir le cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 ón gCoimisiún[20] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún[21] leagtar síos rialacha maidir le seiceálacha agus pionóis arna nglacadh de bhun cumhachtuithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i bhfianaise Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], maidir leis na cumhachtuithe a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus i Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh maidir le seiceálacha agus pionóis a bhaineann le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(9) Go sonrach, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a fhorlíonadh le rialacha maidir le híocaíocht cabhrach a laghdú i gcás nach gcomhlíonann oibreoirí a n-oibleagáidí i ndáil leis na coinníollacha maidir le hidirghabháil phoiblí nó le stóráil phríobháideach. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha aonfhoirmeacha a ghlacadh do na Ballstáit maidir leis na tástálacha agus na modhanna atá le cur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach agus úsáid nósanna imeachta tairisceana le haghaidh idirghabhálacha poiblí nó le haghaidh stóráil phríobháideach a bhunú, maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair a bheidh le déanamh ag na Ballstáit i ndáil le hoibleagáidí, gealltanais agus critéir incháilitheachta le haghaidh idirghabháil phoiblí nó stóráil phríobháideach chomh maith le cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin ag na Ballstáit nuair nach gcomhlíonann

---

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach (IO L 206, 30.7.2016, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1240/oj).

21 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach (IO L 206, 30.7.2016, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1238/oj).

22 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj).

23 Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

oibreoirí na critéir incháilitheachta, na gealltanais nó na hoibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha le haghaidh idirghabháil phoiblí nó stóráil phríobháideach.

(10) Tá sé cruthaithe go bhfuil an chabhair maidir le soláthar torthaí agus glasraí agus bainne agus táirgí bainne i bhforais oideachais a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (“scéim scoile an Aontais”) éifeachtach chun tomhaltas táirgí talmhaíochta roghnaithe a mhéadú. Chun cur le baint amach chuspóirí CBT, ba cheart leanúint le scéim scoile an Aontais. Mar sin féin, chun a héifeachtacht a mhéadú agus chun comhleanúnachas le hionstraimí eile CBT a áirithiú, ba cheart scéim scoile an Aontais a bheith bunaithe ar fheidhmíocht a sheachadadh agus ba cheart í a chur chun feidhme mar chineál idirghabhála a fhaigheann tacaíocht ón gCiste. Ba cheart don Aontas na bunpharaiméadair bheartais a shocrú, amhail cuspóirí scéim scoile an Aontais agus a buncheanglais, agus ba cheart freagracht níos mó a bheith ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí agus a mbainfidh siad amach na spriocanna. Le coimhdeacht fheabhsaithe, is féidir dálaí agus riachtanais áitiúla a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Rialacha a leagtar síos i Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], ba cheart feidhm a bheith acu maidir le scéim scoile an Aontais, mar a chomhlánaítear leis an Rialachán seo. Ós rud é gur beart idirghabhála sa mhargadh í scéim scoile an Aontais, ba cheart na rialacha sonracha maidir leis an gcineál idirghabhála a leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(11) Is é is cuspóir do scéim scoile an Aontais leanaí a nascadh an athuair leis an talmhaíocht agus nósanna itheacháin sláintiúla a mhéadú. Ós rud é gur mó an seans go mbeidh aistí bia míshláintiúla ag leanaí ó ghrúpaí leochaileacha, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit díriú ar na grúpaí sin de réir cúinsí socheacnamaíocha. Chun laghdú a dhéanamh ar iontógáil saorshiúcraí agus saorshaillte ag leanaí scoile, ba cheart teorainn a chur le dáileadh táirgí ina bhfuil leibhéal ard saorshiúcraí agus saorshaillte. Chun feasacht leanaí a mhúscailt maidir leis an éagsúlacht táirgí a shaothraítear san Aontas chomh maith lena gcáilíochtaí éagsúla, ba cheart tosaíocht a thabhairt do dháileadh táirgí de thionscnamh an Aontais in éineacht le critéir atá nasctha le caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil agus sóisialta níos airde. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear bearta múscailte feasachta chun feidhme maidir le hábhair áirithe. Chun dúblaigh a sheachaint, is féidir an curaclam náisiúnta a úsáid in ionad scéim scoile an Aontais. I bhfianaise na imní méadaithe maidir le bianna próiseáilte agus táirgí a bhféadfadh cion ard siúcraí breise a bheith iontu, nach gcomhlíonann riachtanais chothaitheacha leanaí, is iomchuí na táirgí sin a eisiamh ó scéim scoile an Aontais.

(12) Ós rud é go gcumhdófar le scéim scoile an Aontais, a chuirtear chun feidhme faoin gCiste, chun an tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034, ba cheart feidhm a bheith ag scriosadh na bhforálacha a bhaineann le scéim scoile an Aontais a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ón 1 Eanáir 2028. Chun aistriú rianúil a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go leanfaidh na forálacha scriosta d’fheidhm a bheith acu i ndáil le bearta arna gcur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2027. Ina theannta sin, ós rud é, dá bhrí sin, go gcuirfear deireadh le scéim scoile an Aontais a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 roimh dheireadh na scoilbhliana 2027/2028, a mhairfidh ón 1 Lúnasa 2027 go dtí an 31 Iúil 2028, ba cheart teorainn fhoriomlán na cabhrach ón Aontas a leagtar síos in Airteagal 23a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a laghdú go comhréireach i gcás na scoilbhliana sin.

(13) Tá gá le cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe chun rannchuidiú le cuspóirí CBT a ghnóthú agus chun na sineirgí le hionstraimí eile CBT a neartú. Ba cheart íoscheanglais maidir le hábhar agus cuspóirí na gcineálacha idirghabhála sin a bhunú ar leibhéal an Aontais chun cothroime iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach agus chun dálaí iomaíochta éagothroim agus éagóraí a sheachaint. Agus idirghabhálacha in earnálacha áirithe á gcur san áireamh ina bPleananna CNR, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht le hidirghabhálacha eile ar leibhéal na hearnála a áirithiú. Leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe, ba cheart tacaíocht a sholáthar d'earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, an fhíona, na mbarr próitéine, na dtáirgí beachaireachta, na hola olóige agus na n-ológ boird agus na leannlusanna, agus d'earnálacha agus do tháirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Go sonrach, i bhfianaise easnamh an Aontais maidir le próitéin phlandúil agus na tairbhí comhshaoil a bhaineann lena táirgeadh, ba cheart léagúim a áireamh i measc na dtáirgí atá incháilithe do thacaíocht agus sceideal EDT an Aontais maidir le síolta ola á urramú ag an am céanna.

(14) Chun leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint, agus chun a áirithiú go mbeidh na pionóis comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a fhorlíonadh le rialacha maidir le fionraí, laghdú agus aisghabháil íocaíochtaí cabhrach le haghaidh idirghabhálacha earnála i gcás nach n-urramaíonn na heagraíochtaí táirgeoirí na critéir aitheantais. Ina theannta sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair a bheidh le déanamh ag na Ballstáit ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun comhlíonadh na gcritéar aitheantais a fhíorú, chomh maith le rialacha a ghlacadh maidir le córas uathúil aitheantais d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus de chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta.

(15) I gcomhréir le conclúidí na tuarascála ón gCoimisiún maidir le caighdeáin mhargaíochta nua le haghaidh glasraí léagúmacha triomaithe agus pónairí soighe[24], is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin mhargaíochta a leagan síos le haghaidh barra próitéine chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi thionscnamh na dtáirgí barr próitéine a cheannaíonn siad. Ar an gcúis chéanna, ba cheart mairteoil, muiceoil, caoireoil agus feoil ghabhair a chur leis an liosta a bhféadfar caighdeáin mhargaíochta a ghlacadh ina leith. Ina theannta sin, agus é mar chuspóir sainmhíniú agus comhdhéanamh cáiseanna áirithe a chomhchuibhiú, b'fhéidir, chun bonn coiteann cáilíochta a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht caighdeáin mhargaíochta a leagan síos le haghaidh cáise.

(16) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia' meabhraítear gur cuid riachtanach de thalmhaíocht, d'iomaíochas agus do chomhtháthú an Aontais an beostoc. Tá córais inbhuanaithe beostoic fíor-riachtanach do gheilleagar an Aontais, d'inmharthanacht na limistéar tuaithe agus do chaomhnú an chomhshaoil agus na dtírdhreach tuaithe. Tá earnáil beostoic an Aontais thar a bheith leochaileach i leith turraingí éagsúla agus iomaíocht dhomhanda, agus ceanglaítear

[24] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 75(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le caighdeáin mhargaíochta nua le haghaidh leann úll agus leann piorraí agus le haghaidh glasraí léagúmacha triomaithe agus pónairí soighe, COM(2023) 200 final.

uirthi ardchaighdeáin táirgthe a chomhlíonadh nach dtugann an margadh luach saothair dóibh i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, is gá aitheantas a thabhairt do chomhdhéanamh nádúrtha feola agus táirgí feola, ar mhaithe le táirgeoirí an Aontais agus tomhaltóirí araon. Is minic a bhíonn tábhacht chultúrtha agus stairiúil ag baint le téarmaí a bhaineann le feoil. Is iomchuí, dá bhrí sin, téarmaí a bhaineann le feoil a chosaint chun trédhearcacht sa mhargadh inmheánach a fheabhsú a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh bia agus ábhar cothaitheach agus chun a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh, go háirithe dóibh siúd atá ag lorg cion cothaitheach sonrach a bhaineann go traidisiúnta le táirgí feola.

(17) Le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] tugadh isteach lógó chun feirmeoirí sna réigiúin is forimeallaí a spreagadh chun leanúint de tháirgí ardcháilíochta a sholáthar agus chun a margaíocht a chur chun cinn. I bhfianaise Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir le húsáid an lógó, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028.

(18) Ceanglaítear le hAirteagal 125(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go rialófar na téarmaí chun biatas siúcra agus cána siúcra a cheannach le comhaontuithe i scríbhinn laistigh den trádáil, mar a thuairiscítear i gCuid II, Roinn A, pointe 6, d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Ceanglaítear le hAirteagal 125(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go mbeidh na comhaontuithe laistigh den trádáil i gcomhréir leis na téarmaí ceannaigh a leagtar síos in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Airteagal 125, Cuid II, Roinn A, pointí 5 agus 6, d'Iarscríbhinn II, agus Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na forálacha sin a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna comhaontuithe laistigh den trádáil agus a mhéid a bhaineann leis na táirgí lena mbaineann na comhaontuithe sin agus atá faoi réir téarmaí ceannaigh. Go sonrach, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le comhaontuithe agus téarmaí ceannaigh siúcra ní hamháin maidir le biatas siúcra ach maidir le cána siúcra freisin.

(19) Mar thoradh ar an nuálaíocht agus ar fhás an bhithgheilleagair, tá feidhmeanna nua ann maidir le bithmhais cnáibe a dhíorthaítear ó gach cuid den phlanda. Cuireann sé sin deiseanna breise ar fáil d'fheirmeoirí luach a chur ar an bplanda lasmuigh de tháirgeadh snáithíní, rud a fhágann go bhfuil cnáib níos tarraingtí agus níos iomaíche. Ina theannta sin, tá tairbhí comhshaoil agus aeráide ag baint le cnáib a fhás toisc nach n-éilíonn sí lotnaidicídí ná leasacháin agus toisc go gcuireann sí feabhas ar struchtúr na hithreach. Liostaítear roinnt táirgí cnáibe, lena n-áirítear cnáib amh (CN 5302), síolta cnáibe (CN 1207 99 91) agus codanna cnáibe eile (CN 1211 90 86) mar tháirgí talmhaíochta in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na táirgí a chumhdaítear le hearnáil an lín agus na cnáibe a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid VIII, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun táirgí cnáibe seachas cnáib amh a áireamh.

[25] Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2013/228/oj).

(20) Tá bearta náisiúnta glactha ag Ballstáit áirithe, ar fhoras cosanta sláinte, lena gcuirtear toirmeasc ar tháirgeadh nó ar mhargú táirgí sonracha cnáibe. Leis na cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta sin baintear an bonn d'fheidhmiú cuí chomheagrú an mhargaidh, cruthaítear éiginnteacht dhlíthiúil agus bacainní sa mhargadh inmheánach agus cruthaítear iomaíocht éagórach idir feirmeoirí i mBallstáit éagsúla.

(21) I gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta éagsúla ar chomhoibrigh na Ballstáit ina leith nó ar aontaigh siad dóibh, amhail Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, agus an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971, ba cheart margú drugaí támhshuanacha a thoirmeasc, cé is moite de thrádáil nó úsáid atá rialaithe go docht chun críoch leighis agus eolaíoch. Mar sin féin, leanann sé ó réasúnaíocht na Cúirte i gCás C-663/18[26] nach measfar gur drugaí támhshuanacha iad táirgí neamh-shíghníomhacha amhail cannaibidhé-ól a dhíorthaítear ó chineálacha cnáibe a bhfuil cion íseal Δ9-teitrihidreacannaibionóil iontu faoi na coinbhinsiúin sin.

(22) Tugtar le fios le fianaise eolaíoch freisin nach dócha go mbeidh táirgí cnáibe a fhaightear ó chineálacha ina bhfuil uaschion teitrihidreacannaibionóil 0,3 % ina riosca do shláinte an duine. Dá bhrí sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, forbairt na hearnála a chur chun cinn, cothrom iomaíochta a ráthú ar fud an Aontais agus tacú le feidhmiú cuí chomheagrú an mhargaidh, agus leasanna sláinte poiblí á gcosaint ag an am céanna, is gá rialacha comhchuibhithe a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le táirgeadh agus margú táirgí talmhaíochta cnáibe lena soláthraítear coimircí sláinte poiblí. Go sonrach, ba cheart a áireamh sna rialacha sin uasteorainn aonfhoirmeach maidir le cion teitrihidreacannaibionóil, chomh maith le coimircí iomchuí eile.

(23) Thairis sin, is iomchuí freisin leasú a dhéanamh ar Airteagal 189 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena leagtar síos rialacha maidir le hallmhairí cnáibe chun comhsheasmhacht a áirithiú le rialacha nua an Aontais maidir le táirgí cnáibe a mhargú.

(24) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun suaitheadh díréireach d'fheirmeoirí a sheachaint, ba cheart socruithe idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm maidir le táirgí cnáibe, a dhíorthaítear ó phlandaí cnáibe a cuireadh roimh dháta chur i bhfeidhm na gcoinníollacha margaíochta nua, a chur ar an margadh. Ba cheart a cheadú go leanfar de na táirgí sin a mhargú faoi réir na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin agus go dtí an [31 Nollaig den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]. Tar éis an dáta sin, ba cheart do gach táirge cnáibe na coinníollacha margaíochta nua a chomhlíonadh.

(25) Chun aistriú rianúil a áirithiú tar éis earnáil na mbarr próitéine a chruthú, agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas a sholáthar d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí nó idirchraoibhe, is iomchuí foráil a dhéanamh gur cheart a mheas go bhfuil aitheantas san earnáil sin ag eagraíochtaí táirgeoirí nó idirchraoibhe arna n-aithint cheana roimh an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] i gcás táirgí a thagann faoi earnáil na mbarr próitéine nua. Ba cheart d'eagraíochtaí táirgeoirí den sórt sin a n-aitheantas a choinneáil i gcás táirgí eile a liostaítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcásanna nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha ábhartha maidir le haitheantas in earnáil amháin nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit an t-aitheantas

[26] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Samhain 2020, *B S agus C A v. Ministère public et Conseil national de l'ordre des pharmaciens*, C-663/18, EU:C:2020:938, míreanna 72 go 77.

comhfhreagrach a tharraingt siar tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

(26) Chun aistriú rianúil a áirithiú tar éis leasú na dtáirgí a liostaítear in earnáil an lín agus na cnáibe i bpointe VIII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus chun deimhneacht dhlíthiúil agus leanúnachas a sholáthar d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí nó idirchraoibhe, is iomchuí foráil a dhéanamh gur cheart a mheas go bhfuil aitheantas in earnáil an lín agus na cnáibe ag eagraíochtaí táirgeoirí nó idirchraoibhe arna n-aithint cheana roimh an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] i gcás táirgí a thagann faoin earnáil leasaithe sin. Ba cheart d'eagraíochtaí táirgeoirí den sórt sin a n-aitheantas a choinneáil i gcás táirgí eile a liostaítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcásanna nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha ábhartha maidir le haitheantas in earnáil amháin nó níos mó, ba cheart do na Ballstáit an t-aitheantas comhfhreagrach a tharraingt siar tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

(27) Le hAirteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir leis an modh ríofa a fhéadfar a úsáid chun an truicearmhéid a shocrú chun dleachtanna allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm. Chun an modh ríofa a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht a léiriú i gceart, ba cheart Airteagal 182(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun a shonrú gur cheart an ríomh a bhunú ar an meán-allmhairiú bliantúil sna 3 bliana roimhe sin. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 182(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach bhforchuirfear dleachtanna breise i gcás nach dócha go gcuirfeadh na hallmhairí isteach ar mhargadh an Aontais, nó i gcás ina mbeadh na héifeachtaí díréireach leis an gcuspóir atá beartaithe. Mar sin féin, is deacair a léiriú gur dócha go gcuirfidh allmhairí isteach ar mhargadh an Aontais agus, i gcás táirgí séasúracha meatacha, i gcás ina bhfuil feidhm ag coimirce den sórt sin faoi láthair, is minic nach féidir é sin a dhéanamh nó nach mbíonn siad tráthúil go leor. Ós rud é go dtéann an ceanglas sin thar na hoibleagáidí a leagtar amach i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na bpáirtithe leasmhara agus an nós imeachta a shimpliú, ba cheart mír 2 sin a scriosadh.

(28) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha maidir le bainistíocht taraif-chuótaí. Le Rialachán Tarmligthe Rialachán (AE) 2020/760 ón gCoimisiún[27] leagtar síos rialacha maidir le pionóis ar oibreoirí i gcásanna neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha agus na gceanglas incháilitheachta nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas a chur isteach laistigh den taraif-chuóta, a glacadh de bhun cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Tar éis aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart an cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leith sin a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

[27] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

(29) Le hAirteagal 214a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ceadaítear don Fhionlainn, faoi choinníollacha áirithe, cabhair náisiúnta a dheonú i nDeisceart na Fionlainne go dtí 2027, faoi réir údarú ón gCoimisiún. I bhfianaise shainiúlachtaí thalmhaíocht na Fionlainne, ba cheart leanúint de dheonú na cabhrach náisiúnta sin a cheadú le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034.

(30) Le Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 deonaíodh maolú maidir le státchabhair d'íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh earnáil an tsiúcra sna réigiúin is forimeallaí de chuid na Fraince chun maolú a dhéanamh ar na srianta sonracha ar fheirmeoireacht siúcra sna réigiúin sin a bhaineann lena bhfíor-iargúltacht, go háirithe a scoiteacht, a n-oileánachas, a n-achair dhromchla bheaga, a dtír-raon sléibhtiúil agus a n-aeráid shléibhtiúil agus a spleáchas eacnamaíoch ar tháirgeadh siúcra. I bhfianaise Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [Rialachán Feidhmíochta], na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 228/2013 lena ndeonaítear an maolú sin, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2028.

(31) Mar a chuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta[28], ba cheart don Aontas a ullmhacht a neartú mar fhreagairt ar rioscaí atá ag dul i méid agus ar éiginnteacht dhomhain, agus é de chuspóir aige Aontas slán athléimneach a bhunú a mbeidh na hacmhainneachtaí aige bagairtí agus guaiseacha a réamh-mheas, freagairt dóibh agus iad a bhainistiú, gan beann ar a gcineál nó ar a dtionscnamh. Ba cheart breithnithe ullmhachta a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Straitéis stoc-charntha an Aontais: Borradh a chur faoi ullmhacht ábhartha an Aontais do ghéarchéimeanna'[29], cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach, i ngéarchéimeanna tromchúiseacha, fadtéarmacha, casta agus trasteorann, bearta náisiúnta a chomhordú chun soláthar seasta earraí riachtanacha agus leanúint d'fheidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a áirithiú.

(32) Chun infhaighteacht an tsoláthair a áirithiú, a leagtar amach ar cheann de chuspóirí CBT in CFAE, agus le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha freisin, ba cheart ullmhacht in earnáil na talmhaíochta a fheabhsú. Ba cheart é sin a bhaint amach trí thionscnaimh náisiúnta a chomhlánú, comhordú idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún a fheabhsú agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus cultúr ullmhachta agus athléimneachta a chothú, agus inniúlachtaí náisiúnta agus imthosca sonracha gach Ballstáit agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

(33) Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit bearta ullmhachta bonnlíne a ghlacadh lena n-áireofaí bunú pleananna ullmhachta agus freagartha náisiúnta agus/nó réigiúnacha maidir le táirgí talmhaíochta, comhroinnt thráthrialta faisnéise faoi stoic táirgí talmhaíochta, ainmniú údarás inniúil agus rannpháirtíocht i gcleachtaí tástála struis ar leibhéal an Aontais. I gcás ina mbunaíonn agus ina mbainistíonn na Ballstáit cúltaiscí táirgí talmhaíochta, ba cheart iad a chur chun feidhme mar chuid dá bpleananna ullmhachta agus freagartha náisiúnta agus/nó réigiúnacha agus ba cheart

[28] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta, 26.3.2025 JOIN(2025) 130 final.

[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis stoc-charntha an Aontais: Borradh a chur faoi ullmhacht ábhartha an Aontais le haghaidh géarchéimeanna, COM(2025) 528 final.

iad a dhearadh ar bhealach a íoslaghdaíonn saobhadh margaidh. Ba cheart na hiarrachtaí ullmhachta sin a chomhlánú le hoibleagáidí feabhsaithe le linn géarchéimeanna nó cásanna ardriosca, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach.

(34) Chun na coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann le hinfhaighteacht soláthairtí le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe a bhaineann leis na pleananna ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia, comhar trasteorann faoi chuimsiú fhorbairt agus chur i bhfeidhm na bpleananna ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia, gníomhaíochtaí comhordaithe chun cúltaiscí a bhunú agus a bhainistiú, amhail catagóirí táirgí a shainaithint chun na cúltaiscí a bhunú agus measúnuithe riosca comhpháirteacha agus sásraí luathrabhaidh a fhorbairt chun rioscaí soláthair trasteorann a mhaolú agus leanúnachas an tsoláthair a áirithiú le linn bristeacha, sásraí deonacha dlúthpháirtíochta agus cúnaimh fhrithpháirtigh trína gcuireann na Ballstáit codanna dá gcúltaiscí ar fáil do Bhallstát eile a bhfuil ganntanais thromchúiseacha ag bagairt orthu, tuairisciú fíor-ama ar stoic agus ar fhaisnéis ábhartha eile chomh maith le ceanglais theicniúla agus nós imeachta chun faisnéis a láimhseáil agus a mhalartú go slán. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30].

(35) I bhforálacha áirithe de reachtaíocht talmhaíochta ceanglaítear go dtaiscfear urrús chun a áirithiú go n-íocfar suim atá dlite mura gcomhlíonfar oibleagáid. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le taraif-chuótaí agus idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach a bhainistiú. I bhfianaise Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta], na forálacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2116 maidir le hurrúis, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ba cheart na cumhachtuithe chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hurrúis a choinneáil freisin agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a chomhtháthú i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(36) Go sonrach, chun cóir neamh-idirdhealaitheach, cothromas agus urraim don chomhréireacht a áirithiú agus urrús á thaisceadh, ba cheart don tarmligean cumhachta sin rialacha maidir le hurrúis, lena sonrófar an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid, lena leagfar síos na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh, na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir, na coinníollacha maidir leis an urrús sin a thaisceadh agus a scaoileadh, na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh i ndáil le réamhíocaíochtaí, agus na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dar taisceadh urrús a leagan amach. Ar an mbealach céanna, ba cheart a chumhdach le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis; na nósanna imeachta a bhaineann le hurrúis a scaoileadh; agus an fógra a thabharfaidh Ballstáit nó an Coimisiún i gcomhthéacs urrús.

---

30 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(37) Rialachán (AE) .../... Foráiltear le [Rialachán maidir le Ciste CNR], a mhéid a bhaineann le caiteachas ar idirghabháil phoiblí, go bhfuil ar an gCoimisiún i gcásanna áirithe na méideanna caighdeánacha aonfhoirmeacha a shocrú le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh phróiseáil na dtáirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabháil phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Tá na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Chun na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh, ba cheart don Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ós rud é nach bhfuil aon tagairt don nós imeachta comhairleach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 sa Rialachán sin, ba cheart tagairt don nós imeachta sin a chur isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(38) Leagtar síos i Roinn B, pointe IV, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go bhfuil na modhanna grádaithe chun measúnú a dhéanamh ar an gcion feola trua chun críocha scála an Aontais um aicmiú conablach muc le húdarú ag an gCoimisiún. Ós rud é go n-údaraítear in aghaidh an Bhallstáit na modhanna grádaithe muc chun measúnú a dhéanamh ar an gcion feola trua, ar mhaithe leis an tsimplíocht agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart do na Ballstáit na modhanna grádaithe a údarú in ionad an Choimisiúin.

(39) Foráiltear le pointe VIII d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go leagfar amach le conarthaí seachadta idir díoltóirí biatais agus gnóthas siúcra na socruithe maidir le laíon biatais a thabhairt ar ais nó a chúiteamh. Chun soiléireacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú agus chun cosaint chearta na ndíoltóirí biatais a threisiú, is iomchuí Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun foráil a dhéanamh go sainráite gur leis an díoltóir biatais i gcónaí an laíon biatais a fhaightear ón mbiatas a sheachadtar mura gcomhaontaítear a mhalairt. Chun trédhearcacht agus caidrimh chonarthacha chothroma a áirithiú, ba cheart a leagan síos go sainráite sna conarthaí seachadta na socruithe chun an laíon a thabhairt ar ais, a choinneáil nó a phróiseáil, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na cainníochtaí lena mbaineann, comhroinnt na gcostas brúite nó triomaithe, agus an praghas nó an modh ríofa le haghaidh aon chúitimh atá dlite.

(40) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú dá réir sin.

(41) Chun dóthain ama a thabhairt do pháirtithe leasmhara oiriúnú do na hathruithe, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe a bhaineann le comhaontuithe laistigh den trádáil le haghaidh earnáil an tsiúcra ón [1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(42) Chun dóthain ama a thabhairt do pháirtithe leasmhara oiriúnú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir leis na coinníollacha do mhargú, táirgeadh agus allmhairiú cnáibe ón [1 Eanáir tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le téarmaí a bhaineann le feoil ón [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(43) Chun am a thabhairt do na Ballstáit tús a chur le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí tráth éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin ón [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) earnáil na mbarr próitéine, Cuid IV';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Airteagal 2

Forálacha ginearálta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT)

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán maidir le Ciste CNR]* agus Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta]** agus ag na forálacha arna nglacadh dá mbun maidir leis na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo.

_____

* Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán maidir le Ciste CNR] (IO L …, ELI:).

** Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] (IO L …, ELI:).';

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) scriostar mír 3;

(b) i mír 5, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(c) ciallaíonn 'réigiúin is forimeallaí' na réigiúin dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.';

(4) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) an 1 Aibreán go dtí 31 Márta na bliana dár gcionn i gcomhair earnáil na seiriceán;';

(5) scriostar Airteagal 7;

(6) ba cheart 'Airteagal 229(2), (3) nó (4)' a chur in ionad na dtagairtí do 'Airteagal 229(2) nó (3)' in Airteagail 13(1)(c), 13(2), 21, an dara fomhír, 116, 149(6), an dara fomhír, 152(1c), an dara fomhír, 175, an dara fomhír, 179, an dara fomhír, 183, an dara fomhír, 193a(2), 213 agus 216(2);

(7) i gCuid II, Teideal I, Caibidil I, Roinn 2, cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 16a

Caiteachas idirghabhála poiblí

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena bhforlíontar an Rialachán seo le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cineál na mbeart atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontais agus na coinníollacha aisíocaíochta;

(b) na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríofa bunaithe ar an bhfaisnéis iarbhír arna breathnú ag na gníomhaireachtaí íocaíochta, ar rátaí

comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó ar mhéideanna ar ráta comhréidh nó neamh-chomhréidhe dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta in earnálacha sonracha;

(c) oibríochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí a luacháil, na bearta atá le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna atá le maoiniú a chinneadh.';

(8) in Airteagal 19(5), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(d) lena leagtar síos na rialacha maidir le cabhair a íoc agus sainaithint cásanna nach n-íoctar aon chabhair nó ina laghdaítear an chabhair i gcás nach gcomhlíonann oibreoirí a n-oibleagáidí i ndáil leis na coinníollacha le haghaidh idirghabháil phoiblí nó stóráil phríobháideach dá dtagraítear i Ranna 2 agus 3.';

(9) in Airteagal 20, an chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(v) na rialacha a bhfuil gá leo chun na tástálacha agus na modhanna a chur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí a shuí le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach agus úsáid nósanna imeachta tairisceana le haghaidh idirghabhálacha poiblí nó stóráil phríobháideach;

(w) rialacha maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair atá le déanamh ag na Ballstáit i dtaca le hurramú oibleagáidí, gealltanas agus critéar incháilitheachta le haghaidh idirghabháil phoiblí nó stóráil phríobháideach dá dtagraítear i Ranna 2 agus 3;

(x) rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin ag na Ballstáit nuair nach gcomhlíonann oibreoirí na critéir incháilitheachta, na gealltanais nó na hoibleagáidí eile a bhaineann leis na coinníollacha le haghaidh idirghabháil phoiblí nó stóráil phríobháideach dá dtagraítear i Ranna 2 agus 3.';

(10) i gCuid II, scriostar Teideal I, Caibidil II;

(11) in Airteagal 23a, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Sa scoilbhliain 2027/2028, an chabhair faoin scéim scoile a leithdháilfear ar dháileadh táirgí, na bearta tionlacain oideachais agus na costais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 23(1), ní bheidh siad níos mó ná EUR 90 001 722,9.';

(12) i gCuid II, Teideal I, cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

'Caibidil IIa

Cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR]

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 26

Raon feidhme

Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha maidir le cineálacha idirghabhálacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] a bhaineann le

scéim scoile an Aontais agus le hearnálacha áirithe dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo.

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le tacaíocht ón Aontas arna maoiniú ag an gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('an Ciste') le haghaidh idirghabhálacha a shonraítear sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('Pleananna CNR') arna dtarraingt suas ag Ballstát agus arna bhformheas ag an gCoimisiún, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, tá feidhm ag Rialacháin (AE) .../... [Rialachán maidir le Ciste CNR] agus (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta] agus na forálacha arna nglacadh dá mbun, maidir leis na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

Roinn 2

Scéim scoile an Aontais

Airteagal 27

Raon feidhme agus rialacha ginearálta

1. Leagtar síos sa Roinn seo rialacha maidir leis na cineálacha idirghabhálacha i bPleananna CNR chun tacú le dáileadh táirgí talmhaíochta ar leanaí i bhforais oideachais chun tomhaltas táirgí talmhaíochta roghnaithe a mhéadú agus chun nósanna itheacháin leanaí a fheabhsú ('scéim scoile an Aontais').

2. Is éard a bheidh sna rannpháirtithe i scéim scoile an Aontais leanaí a fhreastalaíonn ar fhorais oideachais a riarann nó a aithníonn údaráis inniúla na mBallstát.

Bunóidh na Ballstáit ina bPleananna CNR na critéir incháilitheachta le haghaidh rannpháirtithe i scéim scoile an Aontais. I gcásanna ina measann na Ballstáit gur gá sin chun cuspóirí na scéime scoile a bhaint amach, féadfaidh siad díriú ar aoisghrúpa áirithe nó tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí áirithe leanaí de réir cúinsí socheacnamaíocha.

3. Bunóidh na Ballstáit ina bPleananna CNR na catagóirí de thairbhithe na n-idirghabhálacha i scéim scoile an Aontais a roghnófar as measc forais oideachais nó údarás, eagraíochtaí atá ag gníomhú thar a gceann, soláthróirí, nó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile a bhfuil baint acu le haon cheann de na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i mír 4 a bhainistiú nó a sholáthar.

4. Bunóidh na Ballstáit idirghabhálacha agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil dóibh ar bhonn na gcineálacha idirghabhálacha seo a leanas faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Roinn seo agus a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR:

(a) soláthar agus dáileadh táirgí talmhaíochta;

(b) bearta múscailte feasachta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bpoibleoidh forais oideachais atá rannpháirteach i scéim scoile an Aontais, ar áitribh scoile agus in áiteanna ábhartha eile, a rannpháirtíocht i scéim scoile an Aontais agus go bhfuil fóirdheontas á fháil acu ón Aontas. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le húsáid uirlisí poiblíochta oiriúnacha, ar féidir póstaeir, suíomhanna tiomnaithe gréasáin, ábhar grafach faisnéiseach agus feachtais ardaithe faisnéise agus feasachta a áireamh. Úsáidfear suaitheantas agus

ráiteas cistiúcháin an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) .../... [an Rialachán Feidhmíochta].

6. Tuairisceoidh na Ballstáit faoin tacar sonraí a bhaineann leis an oibríocht dá dtagraítear in Airteagal 63(1) [*Bailiú agus taifeadadh sonraí*], pointe (e), de Rialachán (AE) .../... [maidir le Ciste CNR] maidir leis na cistí a úsáidtear chun gach ceann de na grúpaí táirgí a liostaítear in Airteagal 28(1) den Rialachán seo a sholáthar agus a dháileadh agus maidir leis na hidirghabhálacha múscailte feasachta dá dtagraítear in Airteagal 29 den Rialachán seo, an líon foras oideachais agus an líon leanaí atá rannpháirteach i scéim scoile an Aontais, an mheánmhéid sciar agus an líon sciartha arna seachadadh, cainníochtaí na dtáirgí arna soláthar arna miondealú de réir grúpaí táirgí agus táirgí orgánacha, agus más infheidhme, na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 29(2) den Rialachán seo, agus na hidirghabhálacha múscailte feasachta a cuireadh chun feidhme.

Airteagal 28

Soláthar agus dáileadh táirgí talmhaíochta

1. Ní bheidh ach na táirgí seo a leanas incháilithe do sholáthar agus do dháileadh faoi scéim scoile an Aontais:

(a) torthaí agus glasraí a liostaítear i gCuid IX d'Iarscríbhinn I;

(b) táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte a liostaítear i gCuid X;

(c) bananaí úra, seachas plantáin, laistigh de chód AC 0803 90;

(d) bainne óil, cáis, gruth, iógart agus táirgí eile bainne coipthe nó aigéadaithe nach bhfuil blaistiú, torthaí, cnónna nó cócó breise curtha leo a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I.

2. Ní bheidh cion saorshiúcraí níos mó ná 10 % ná cion saillte níos mó ná 30 % i dtáirgí a dháilfear faoi scéim scoile an Aontais.

3. Na táirgí a dháilfear faoin scéim scoile, ní bheidh aon cheann de na nithe seo a leanas iontu:

(a) siúcraí breise;

(b) salann breise;

(c) saill bhreise;

(d) milseoirí breise;

(e) na méadaitheoirí blastachta saorga E 620 go E 650 a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

D'ainneoin na chéad fhomhíre den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit, tar éis dóibh an t-údarú iomchuí a fháil óna n-údaráis atá freagrach as sláinte agus cothú i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta, a chinneadh go bhféadfaidh cainníochtaí teoranta de shiúcra breise, salann breise agus/nó saill bhreise a bheith sna táirgí incháilithe dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (d), ar cainníochtaí iad atá riachtanach chun táirgí a phróiseáil agus chun na hiontógálacha laethúla uasta a shainiú.

4. Tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do dháileadh táirgí ó cheachtar de na grúpaí seo a leanas nó ón dá ghrúpa seo a leanas:

(a) torthaí agus glasraí úra séasúracha;

(b) bainne óil neamh-mhilsithe bearrtha nó leathbhearrtha agus leaganacha gan lachtós de.

5. Agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do dháileadh táirgí de thionscnamh an Aontais agus do cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) táirgí a bhfuil lorg aeráide íseal acu;

(b) táirgí atá deimhnithe de réir caighdeáin táirgthe orgánaigh;

(c) táirgí atá i bpacáistíocht inbhuanaithe;

(d) táirgí a táirgeadh i gcomhréir le caighdeáin nó cleachtais leasa ainmhithe atá níos airde ná na cinn dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais;

(e) táirgí a tháirgtear agus a mhargaítear go háitiúil trí shlabhraí soláthair gairide;

(f) táirgí de thionscnamh feirmeacha beaga arna gcinneadh ag na Ballstáit;

(g) táirgí a chomhlíonann caighdeáin táirgthe cóirthrádála.

6. Bunóidh na Ballstáit ina bPleananna CNR liosta na dtáirgí a fhéadfar a sholáthar agus a dháileadh agus na critéir tosaíochta.

7. Táirgí a dháiltear faoi scéim scoile an Aontais:

(a) ní úsáidfear iad chun na gnáthbhéilí scoile a ullmhú;

(b) ní ghabhfaidh siad ionad táirgí atá ina gcuid de na gnáthbhéilí scoile tríd an ranníocaíocht airgeadais ó eintitis phoiblí agus/nó phríobháideacha, ach amháin i gcás ina ndáileann forais oideachais gnáthbhéilí scoile saor in aisce;

(c) ba cheart na táirgí a bheith inaitheanta i gcónaí mar chuid de scéim scoile an Aontais, trí bhearta cumarsáide agus poiblíochta oiriúnacha.

Áiritheoidh na Ballstáit breisluach scéim scoile an Aontais le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais.

Airteagal 29

Idirghabhálacha chunfeasacht a mhúscailt

1. Beidh na hidirghabhálacha múscailte feasachta nasctha go díreach le cuspóirí scéim scoile an Aontais maidir le tomhaltas táirgí talmhaíochta roghnaithe a mhéadú agus nósanna itheacháin leanaí a fheabhsú.

Beidh sé d’aidhm acu leanaí a athnascadh leis an talmhaíocht agus le héagsúlacht tháirgí talmhaíochta an Aontais, go háirithe na táirgí sin a tháirgtear ina réigiún féin, agus feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna gaolmhara, amhail nósanna itheacháin sláintiúla, slabhraí bia áitiúla, feirmeoireacht orgánach, táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe bia agus cur amú bia a chomhrac.

2. De bhreis ar na táirgí arna soláthar agus arna ndáileadh dá bhforáiltear in Airteagal 28, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le táirgí talmhaíochta eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhlaiseadh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leis na leanaí uile atá rannpháirteach i scéim scoile an Aontais páirt a ghlacadh in idirghabhálacha múscailte feasachta.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an gnáthchuraclam scoile nó beartais nó cláir eile a chur san áireamh chun an oibleagáid a leagtar síos sa chéad fhomhír a

chomhlíonadh. Ní chuirfear aon tacaíocht ón Aontas ar fáil do na gníomhaíochtaí sin, áfach.

Roinn 3

Tacaíocht d'idirghabhálacha in earnálacha áirithe

Airteagal 30

Raon feidhme

1. Leagtar síos sa Roinn seo rialacha maidir le cineálacha idirghabhálacha sna hearnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2), pointí (a) go (i), (k), (l) agus (m), (o) go (t), (v) agus (w), agus táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia.

2. Beidh idirghabhálacha sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (d), (f), (g) agus (i), sainordaitheach i gcás Ballstáit ina bhfuil eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí sna hearnálacha sin a aithnítear faoin Rialachán seo.

3. Beidh idirghabháil in earnáil na beachaireachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (v), sainordaitheach i gcás na mBallstát uile.

Airteagal 31

Cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe

Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a bhunú agus a sholáthar sna hearnálacha le haghaidh aon cheann de na cineálacha idirghabhálacha a leagtar síos in Airteagal 12 [*Uirlisí bainistithe riosca*] agus in Airteagal 13 [*Infheistíochtaí d'fheirmeoirí*] de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán CBT]**, agus aon cheann de na cineálacha idirghabhálacha seo a leanas faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Roinn seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna CNR:

(a) infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe seachas iad sin dá dtagraítear in Airteagal 13 [*Infheistíochtaí d'fheirmeoirí*] de Rialachán (AE) .../... [Rialachán CBT];

(b) oiliúint, faisnéis, lena n-áirítear cóitseáil agus malartú dea-chleachtas;

(c) seirbhísí comhairleacha;

(d) cur chun cinn agus margaíocht;

(e) taighde, nuálaíocht agus modhanna táirgthe turgnamhacha;

(f) gníomhaíochtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus/nó chun oiriúnú dó;

(g) gníomhaíochtaí chun an comhshaol a chosaint agus/nó a fheabhsú;

(h) scrúduithe saotharlainne agus chuig saotharlanna le haghaidh anailíse;

(i) córais inrianaitheachta agus deimhniúcháin a chur chun feidhme;

(j) táirgí a stóráil i dteannta a chéile;

(k) glasbhuaint, arb é atá inti buaint iomlán táirgí réamhaibí i limistéar áirithe ar táirgí iad nach féidir a mhargú agus nach ndearnadh damáiste dóibh roimh an nglasbhuaint, agus ar an gcaoi sin táirgeacht an limistéir ábhartha a laghdú go nialas;

(l) gan bhuaint, arb é atá inti go bhfuil deireadh leis an timthriall reatha táirgthe sa limistéar lena mbaineann i gcás ina bhfuil an táirge forbartha go maith, de cháilíocht shlán, chóir agus indíolta, gan scrios táirgí de dheasca na drochaimsire nó de dheasca galair;

(m) ceanglais sláintíochta agus físeashláintíochta tríú tíortha a chur chun feidhme agus a bhainistiú ar chríoch an Aontais chun an rochtain ar mhargaí tríú tíortha a éascú;

(n) athstruchtúrú agus athchóiriú inbhuanaithe físonghort trí athchóirithe cineálacha, athlonnú físonghort, agus feabhsuithe ar theicnící bainistithe físonghort;

(o) fotháirgí físonóireachta a dhriogadh;

(p) tarraingt siar ón margadh chun táirgí a dháileadh saor in aisce nó ar chúiseanna eile, lena n-áirítear, i gcás inar gá, próiseáil chun tarraingt siar den sórt sin a éascú;

(q) gníomhaíochtaí in earnáil na beachaireachta chun an líon coirceog beach atá san Aontas cheana a chaomhnú nó a mhéadú agus gníomhaíochtaí chun cáilíocht táirgí a fheabhsú.

Airteagal 32

Tairbhithe

1. Bunóidh na Ballstáit ina bPleananna CNR cé na hoibreoirí a fhéadfaidh tairbhiú de na hidirghabhálacha sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

2. Ina bPleananna CNR, bunóidh na Ballstáit gurb iad na heagraíochtaí táirgeoirí agus an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoin Rialachán seo agus na grúpaí táirgeoirí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, agus iadsan amháin, tairbhithe na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh grúpaí táirgeoirí agus eintitis a dhéanann ionadaíocht ar chineálacha eile comhair idir táirgeoirí, arna mbunú ar thionscnamh na dtáirgeoirí agus arna rialú acu, a bheith ina dtairbhithe de na hidirghabhálacha sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 30(1). Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit foirmeacha comhair den sórt sin a shainaithint mar ghrúpaí táirgeoirí ar feadh ré a gcéad chláir oibriúcháin. Clár oibriúcháin agus plean aitheantais d'fhonn go n-aithneofar iad mar eagraíochtaí táirgeoirí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 152, 153, 154, 156 nó 161 arna n-ullmhú ag na grúpaí táirgeoirí sin, cuirfear iad faoi bhráid na n-údarás inniúil an tráth céanna. Cuirfidh na grúpaí táirgeoirí an plean aitheantais sin chun feidhme.

Airteagal 33

Cláir oibriúcháin agus cistí oibriúcháin

1. Idirghabhálacha eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó grúpaí táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 32(2) a dhéantar sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 30(1), déanfar iad a chur chun feidhme trí chláir oibriúcháin arna bhformheas ag an mBallstát.

2. Mairfidh na cláir oibriúcháin 3 bliana ar a laghad agus 7 mbliana ar a mhéad.

3. Maoineofar cláir oibriúcháin le cistí oibriúcháin a bheidh comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais ó:

(i) comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí nó an eagraíocht táirgeoirí féin nó iad araon; nó

(ii) comhaltaí an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí féin nó iad araon; nó

(iii) comhaltaí den ghrúpa táirgeoirí nó an grúpa táirgeoirí féin nó iad araon;

(b) Cúnamh airgeadais ón Aontas;

(c) ranníocaíocht náisiúnta.

4. Leagfaidh na Ballstáit amach ina bPleananna CNR na céatadáin uasta den chiste oibriúcháin a fhéadfar a chaitheamh ar aon chineál idirghabhála ar leith chun cothromaíocht a áirithiú idir na cineálacha éagsúla idirghabhálacha.

Airteagal 34

Luach an táirgthe arna mhargú

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl ina bPleananna CNR an chaoi a ríomhtar luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh gach earnála.

2. Déanfar luach an táirgthe arna mhargú i gcás eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó grúpa táirgeoirí a ríomh ar bhonn tháirgeacht na heagraíochta táirgeoirí nó an ghrúpa táirgeoirí nó an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus a chomhaltaí ar táirgeoirí iad a chuir an eagraíocht, an comhlachas nó an grúpa táirgeoirí sin ar an margadh agus ní áireofar leis ach táirgeadh na dtáirgí sin a n-aithnítear nó a sainaithnítear an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas nó an grúpa táirgeoirí ina leith.

Ina theannta sin, déanfar luach an táirgthe arna mhargú a ríomh ag céim úr nó ag an gcéad chéim phróiseála ina ndéantar an táirge a mhargú de ghnáth, ar an mórchóir, i gcás ina gceadaítear táirgí a mhargú ar an mórchóir. Déanfar é a ríomh a thuilleadh ag an gcéim ‘iar-eagraíochta, iarchomhlachais nó iarghrúpa táirgeoirí’ nó ag an gcéim ‘iar-fhochuideachta’, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad 90 % de scaireanna nó de chaipiteal na fochuideachta faoi úinéireacht na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais nó an ghrúpa táirgeoirí.

Áireofar i luach an táirgthe arna mhargú luach na seachtháirgí, luach aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce, luach na ngníomhaíochtaí seachfhoinsithe nó luach na slánaíochta árachais a fuarthas i leith gníomhaíochtaí árachais buainte agus táirgthe.

Ní áireofar costas próiseála i gcás táirgí próiseáilte, CBL ná costais iompair inmheánaigh chuig an eagraíocht nó chuig an ngrúpa táirgeoirí d’achar is faide ná 300 km agus luach an táirgthe arna mhargú á ríomh.

Beidh toirmeasc ar áireamh dúbailte luachanna an táirgthe arna mhargú. Chun áireamh dúbailte luachanna an táirgthe arna mhargú a sheachaint, maidir le táirgeadh comhaltaí d’eagraíocht táirgeoirí, de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó de ghrúpa táirgeoirí a margaíonn eagraíocht eile den sórt sin é, ní áireofar é ach amháin i luach an táirgthe arna mhargú den eagraíocht dheireanach sin.

3. Cinnfidh na Ballstáit tréimhse thagartha féilire 12 mhí le linn na 3 bliana roimh an mbliain a n-iarrtar an chabhair ina leith.

I gcás nach leor na sonraí stairiúla maidir le táirgeadh arna margú d'eagraíochtaí táirgeoirí, do chomhlachais nó do ghrúpa táirgeoirí nua-aitheanta chun críocha na chéad fhomhíre, glacfaidh na Ballstáit le luach an táirgthe arna mhargú a chuir an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas nó an grúpa in iúl chun críoch a aitheantais.

4. I gcás táirge a bhfuil laghdú 35 % ar a laghad tagtha ar luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh bliain ar leith i ndáil le meán na dtrí thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí nó aon chúis eile nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta, an chomhlachais nó an ghrúpa, measfar gurb éard atá i luach an táirgthe arna mhargú i gcás an táirge sin 85 % den mheánluach sna trí thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin. Má rinneadh bearta coisctheacha, measfar gurb éard atá i luach an táirgthe arna mhargú i gcás an táirge sin 100 % den mheánluach sna trí thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin.

Airteagal 35

Cumhachtaí tarmligthe maidir le ceanglais bhreise le haghaidh cineálacha idirghabhála

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le ceanglais de bhreis ar na ceanglais a leagtar síos sa Roinn seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) feidhmiú cuí na gcineálacha idirghabhála a leagtar síos sa Roinn seo a áirithiú, go háirithe trí shaobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint agus chun inbhuanaitheacht a áirithiú;

(b) na rialacha faoina bhfuil táirgeoirí le fotháirgí na fíonóireachta a aistarraingt, agus rialacaha maidir leis na heisceachtaí ón oibleagáid sin chun ualach breise riaracháin a sheachaint agus rialacha maidir le deimhniúchán deonach na ndriogairí.

_____

* Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12 2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj).

** Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [CBT] (IO L …, ELI:…).';

(13) leasaítear Airteagal 75 mar a leanas:

(a) i mír (1), cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(j) barra próitéine;

(k) mairteoil;

(l) muiceoil;

(m) caoireoil;

(n) feoil ghabhair;

(o) cáis.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh';

(14) in Airteagal 78(1), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(h) muiceoil;

(i) caoireoil;

(j) feoil ghabhair.’;

(15) in Airteagal 90a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás sárú ar rialacha an Aontais a leagtar síos sa Rialachán seo in earnáil an fhíona, cuirfidh na Ballstáit pionóis riaracháin a bheidh comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach i bhfeidhm. Ní chuirfidh na Ballstáit pionóis den sórt sin i bhfeidhm i gcás inar mion-neamhchomhlíonadh an neamhchomhlíonadh.’;

(16) i gCuid II, Teideal II, Caibidil I, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

‘Roinn 4

Margú táirgí talmhaíochta ardcháilíochta a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí

Airteagal 123a

Lógó

1. Féadfar lógó a úsáid d’fhonn feasacht a fheabhsú agus tomhaltas táirgí talmhaíochta ardcháilíochta a mhéadú, bídís próiseáilte nó ná bídís, a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí.

2. Molfaidh na heagraíochtaí trádála lena mbaineann coinníollacha úsáid an lógó dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta na moltaí sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus a dtuairim ag gabháil leo. Rialóidh údarás poiblí nó comhlacht arna fhormheas ag na húdaráis náisiúnta inniúla úsáid an lógó.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis na coinníollacha faoina bhfeidhmeofar an ceart chun an lógó a úsáid, agus a atáirgeadh agus a úsáid. Déanfar na coinníollacha sin a leagan síos d’fhonn eolas ar tháirgí talmhaíochta ardcháilíochta ó na réigiúin is forimeallaí a fheabhsú agus tomhaltas na dtáirgí sin a chur chun cinn, gan aird ar cibé acu próiseáilte nó neamhphróiseáilte atá na táirgí sin.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann le húsáid an lógó agus na saintréithe íosta le haghaidh na seiceálacha agus an fhaireacháin a dhéanfaidh na Ballstáit. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).’;

(17) in Airteagal 125, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Na téarmaí maidir le biatas siúcra agus cána siúcra a cheannach idir saothraithe biatais siúcra agus cána siúcra an Aontais agus gnóthais siúcra an Aontais, lena n-áirítear conarthaí réamhchurtha seachadta, déanfar iad a rialú le comhaontuithe laistigh den trádáil i scríbhinn a dtugtar tuairisc orthu i gCuid II, Roinn A, pointe 6, d’Iarscríbhinn II.’;

(18) in Airteagal 145(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Déanfaidh na Ballstáit a dhéanann foráil ina bPleananna CNR d’athstruchtúrú agus athchóiriú fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 31, pointe (n), ar bhonn an chláir fíonghort, fardal nuashonraithe dá n-acmhainneacht táirgthe a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Márta gach bliain.’;

(19) i gCuid II, Teideal II, Caibidil II, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

‘Roinn 2a

Cnáib

Airteagal 147b

Táirgeadh cnáibe

1. Féadfar na táirgí seo a leanas a tháirgeadh san Aontas má fhástar iad ó chineál Cannabis Sativa L. atá cláraithe sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 % agus má chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) fíorchnáib amh a thagann faoi chuimsiú chód AC 5302 a fásadh ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE ón gComhairle* nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE ón gCoimisiún** i gcás cineálacha caomhantais;

(b) síolta cnáibe atá le cur a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 1207 99 20 agus a tháirgtear i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais;

(c) síolta cnáibe seachas le cur, a thagann faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 a fásadh ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais;

(d) na codanna uile eile den phlanda cnáibe a thagann faoi chuimsiú chód AC 1211 90 86 a fásadh ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais.

2. Táirgí dá dtagraítear i mír 1 nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos inti, féadfar iad a tháirgeadh ar chríoch na mBallstát ina gceadaítear sin dá gcríoch agus faoi na coinníollacha a leagann siad síos i gcomhréir le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta.

Airteagal 147c

Cnáib a mhargú

1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a mhargú san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) fíorchnáib amh a thagann faoi chuimsiú chód AC 5302, a tháirgtear ó chineál Cannabis Sativa L. arna chlárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 % agus a fhástar ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais;

(b) síolta cnáibe atá le cur a thagann faoi chuimsiú chód AC ex 1207 99 20 de chineál Cannabis Sativa L. arna clárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 %, a mhargaítear i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais;

(c) na codanna uile eile den phlanda cnáibe a thagann faoi chuimsiú chód AC 1211 90 86, de chineál Cannabis Sativa L. arna chlárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 % agus a fhástar ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais.

Féadfar síolta cnáibe seachas le cur, a thagann faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91, a mhargú san Aontas.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar táirgí a liostaítear sa mhír sin nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos inti a mhargú lena n-úsáid chun críoch leighis agus eolaíochta i gcomhréir le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta.

3. Féadfar leanúint de tháirgí cnáibe dá dtagraítear i mír 1 a dhíorthaítear ó phlandaí cnáibe a cuireadh roimh an [1 Eanáir den bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] a mhargú i gcomhréir leis na rialacha a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin go dtí an [31 Nollaig den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh].

_____

* Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/57/oj).

** Treoir 2008/62/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe chun glacadh le pórtha dúchasacha agus cineálacha talmhaíochta atá curtha in oiriúint do na coinníollacha áitiúla agus réigiúnacha atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus chun síolta agus prátaí síl ó na pórtha dúchasacha agus na cineálacha sin a mhargú (IO L 162, 21.6.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/62/oj).';

(20) in Airteagal 154, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3a. Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] maidir le táirge amháin nó níos mó in earnáil na mbarr próitéine, measfar iad a bheith aitheanta san earnáil sin mar eagraíochtaí táirgeoirí de bhun Airteagal 152. Coinneoidh na heagraíochtaí táirgeoirí sin a n-aitheantas maidir le táirgí eile a aithnítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann na heagraíochtaí táirgeoirí sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, maidir le hearnáil amháin nó níos mó, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas le haghaidh na n-earnálacha lena mbaineann tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

3b. Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] maidir le táirge amháin nó níos mó arna gcur isteach faoi phointe VIII d'Iarscríbhinn I le haghaidh earnáil an lín agus na cnáibe, measfar iad a bheith aitheanta san earnáil sin mar eagraíochtaí táirgeoirí de bhun Airteagal 152. Coinneoidh na heagraíochtaí táirgeoirí sin a n-aitheantas maidir le táirgí eile a aithnítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann na heagraíochtaí táirgeoirí sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, maidir le hearnáil amháin nó níos mó, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas le haghaidh na n-earnálacha lena mbaineann tráth nach déanaí ná an

[31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].';

(21) in Airteagal 158, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3a. Eagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an [*dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]* maidir le táirge amháin nó níos mó in earnáil na mbarr próitéine, measfar iad a bheith aitheanta san earnáil sin mar eagraíochtaí idirchraoibhe de bhun Airteagal 157. Coinneoidh na heagraíochtaí idirchraoibhe sin a n-aitheantas maidir le táirgí eile a aithnítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann na heagraíochtaí idirchraoibhe sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, maidir le hearnáil amháin nó níos mó, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas le haghaidh na n-earnálacha lena mbaineann tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

3b. Eagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh an [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] maidir le táirge amháin nó níos mó arna gcur isteach faoi phointe VIII d'Iarscríbhinn I le haghaidh earnáil an lín agus na cnáibe, measfar iad a bheith aitheanta san earnáil sin mar eagraíochtaí idirchraoibhe de bhun Airteagal 157. Coinneoidh na heagraíochtaí idirchraoibhe sin a n-aitheantas maidir le táirgí eile a aithnítear faoi earnálacha eile. Mar sin féin, i gcás nach gcomhlíonann na heagraíochtaí idirchraoibhe sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh, maidir le hearnáil amháin nó níos mó, tarraingeoidh na Ballstáit siar a n-aitheantas le haghaidh na n-earnálacha lena mbaineann tráth nach déanaí ná an [31 Nollaig 20XX ar a laghad 2 bhliain iomlána tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].';

(22) leasaítear Airteagal 159 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(v) earnáil na mbarr próitéine';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, in earnáil an tobac agus in earnáil na mbarr próitéine.';

(23) in Airteagal 173(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(ca) íocaíochtaí tacaíochta d'idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i gCuid II, Teideal I, Caibidil II, Roinn 2 a chur ar fionraí, a laghdú agus a aisghabháil i gcás nach n-urramaítear critéir aitheantais';

(24) in Airteagal 174(1), an chéad fhomhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(h) rialacha maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair atá le déanamh ag na Ballstáit ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun comhlíonadh na gcritéar aitheantais a fhíorú;

(i) rialacha maidir le córas uathúil aitheantais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta.';

(25) leasaítear Airteagal 182 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

'Beidh an truicearmhéid cothrom le 125 %, 110 % nó 105 % de mheán-allmhairí bliantúla na 3 bliana roimhe sin a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, ag

brath ar cé acu atá nó nach bhfuil deiseanna rochtana ar an margadh, arna sainiú mar allmhairí arna sloinneadh mar chéatadán den tomhaltas comhfhreagrach intíre le linn na 3 bliana roimhe sin, níos lú ná nó cothrom le 10 %, níos mó ná 10 % ach níos lú ná nó cothrom le 30 %, nó níos mó ná 30 %, faoi seach.';

(b) scriostar mír 2;

(26) in Airteagal 186(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(e) foráil a dhéanamh, i gcás inar gá, maidir le pionóis d'oibreoirí i gcásanna neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha agus na gceanglas incháilitheachta nach mór d'oibreoir a chomhlíonadh chun iarratas a chur isteach laistigh den taraif-chuóta, agus go háirithe nuair nach gcuireann siad ar fáil doiciméid chruinne, cothrom le dáta agus fhírinneacha ar fáil don údarás eisiúna ceadúnas.';

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 189:

'*Airteagal 189*

Allmhairithe cnáibe

1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) fíorchnáib amh a thagann faoi chuimsiú chód AC 5302, a tháirgtear ó chineál Cannabis Sativa L. arna chlárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 % agus a fhástar ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais nó cruthúnas ag gabháil leis nach mó ná 0,3 % leibhéal Δ9-teitrihidreacannaibionóil an chineáil lena mbaineann;

(b) síolta cnáibe le cur a thagann faoi chuimsiú chód CN ex 1207 99 20 de chineál Cannabis Sativa L. arna chlárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitreahiodracannabinóil nach mó ná 0,3 %, arna dheimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais nó ag gabháil le cruthúnas nach mó ná 0,3 % leibhéal Δ9-teitrihidreacannaibionól an chineáil lena mbaineann;

(c) síolta cnáibe seachas le cur, a thagann faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairíonn allmhaireoirí arna n-údarú ag an mBallstát amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur;

(d) codanna eile den phlanda cnáibe a thagann faoi chuimsiú chód AC 1211 90 86 de chineál Cannabis Sativa L. arna chlárú sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta ina bhfuil uaschion Δ9-teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0,3 % agus a fhástar ó shíolta arna ndeimhniú i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE i gcás cineálacha caomhantais nó lena ngabhann cruthúnas nach mó ná 0,3 % leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil lena mbaineann.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar táirgí dá dtagraítear sa mhír sin nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos inti a allmhairiú lena n-úsáid chun críoch leighis agus

eolaíochta i gcomhréir le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta.’;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 214a:

‘*Airteagal 214a*

Íocaíochtaí náisiúnta d’earnálacha áirithe san Fhionlainn

1. Faoi réir a údaraithe ag an gCoimisiún, don tréimhse ó 2023 go 2027, féadfaidh an Fhionlainn leanúint de na cabhracha náisiúnta a dheonaigh sí in 2022 a dheonú do tháirgeoirí ar bhonn an Airteagail seo ar choinníoll:

(a) go mbeidh méid iomlán na cabhrach ioncaim chéimlaghdaithigh thar an tréimhse uile agus nach mó ná 67 % den mhéid a deonaíodh in 2022 a dheonófar in 2027;

(b) sula mbainfear leas as an bhféidearthacht sin, beidh leas iomlán bainte as na scéimeanna tacaíochta faoi CBT do na hearnálacha lena mbaineann.

Glacfaidh an Coimisiún a údarú gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2), (3) nó (4) a chur i bhfeidhm.

2. Faoi réir a údaraithe ag an gCoimisiún, don tréimhse ó 2028 go 2034, féadfaidh an Fhionlainn leanúint de na cabhracha náisiúnta a dheonaigh sí in 2027 a dheonú do tháirgeoirí ar bhonn an Airteagail seo ar choinníoll:

(a) go mbeidh méid iomlán na cabhrach ioncaim chéimlaghdaithigh thar an tréimhse uile agus nach mó ná 67 % den mhéid a deonaíodh in 2027 a dheonófar in 2034;

(b) sula mbainfear leas as an bhféidearthacht sin, beidh leas iomlán bainte as na scéimeanna tacaíochta faoi CBT do na hearnálacha lena mbaineann.

Glacfaidh an Coimisiún a údarú gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2), (3) nó (4) a chur i bhfeidhm.’;

(29) i gCuid IV, Caibidil II, cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 214b*

Íocaíochtaí náisiúnta d’earnáil an tsiúcra sna réigiúin is forimeallaí de chuid na Fraince

Féadfaidh an Fhrainc cabhair suas le EUR 90 milliún in aghaidh na bliana margaíochta a thabhairt d’earnáil shiúcra na réigiún Francach is forimeallaí.

Cuirfidh an Fhrainc an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 30 lá ó dheireadh gach bliain mhargaíochta, maidir le méid na cabhrach a tugadh.’;

(30) scriostar Airteagal 217;

(31) i gCuid V, cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

‘*Caibidil Ib*

Infhaighteacht soláthairtí le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha

Airteagal 222c

Pleananna maidir le hinfhaighteacht soláthairtí táirgí talmhaíochta le linn éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha

1. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhar le chéile chun leochaileachtaí struchtúracha shlabhra soláthair na talmhaíochta a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun comhleanúnachas na hullmhachta i gcomhair géarchéimeanna san earnáil agraibhia a fheabhsú.

2. Bunóidh na Ballstáit, agus a bpróifílí riosca sonracha agus a socruithe institiúideacha á gcur san áireamh acu, pleananna náisiúnta ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) infhaighteacht, rochtain agus slándáil an tsoláthair táirgí talmhaíochta a choinneáil ar bun le linn éigeandálaí nó géarchéimeanna tromchúiseacha ar na leibhéil chríochacha uile;

(b) suaití sa slabhra soláthair a chosc nó a mhaolú le linn éigeandálaí nó géarchéimeanna tromchúiseacha ar na leibhéil chríochacha uile.

3. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sna pleananna ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia:

(a) sásraí faireacháin agus luathrabhaidh, lena n-áirítear measúnuithe ar leochaileachtaí struchtúracha sa slabhra soláthair agus cásanna riosca maidir le mórshuaitheadh;

(b) socruithe chun sonraí a chomhiomlánú maidir le stoic na bpríomhtháirgí talmhaíochta;

(c) róil agus sásraí comhordúcháin a leithdháileadh i measc na n-údarás inniúil ar na leibhéil chríochacha chomh maith le nósanna imeachta le haghaidh comhar le gníomhaithe ábhartha san earnáil phríobháideach;

(d) prótacail chumarsáide éigeandála chun scaipeadh tapa faisnéise ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal i gcoitinne a áirithiú.

4. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú tráthrialta ar a bpleananna ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia.

5. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta nó pointe teagmhála a bheidh freagrach as comhordú ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gach 3 bliana faoi achoimrí ar an leagan is déanaí dá bpleananna náisiúnta ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia dá dtagraítear i mír 2.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena sonraítear an fhormáid, na ceanglais tuairiscithe, scaipeadh na gcodanna neamhrúnda, agus amlínte maidir le hachoimrí ar na pleananna ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia a chur isteach;

(b) lena leagtar síos rialacha maidir le comhar trasteorann idir na Ballstáit faoi chuimsiú fhorbairt agus chur i bhfeidhm na bpleananna ullmhachta agus freagartha i ndáil le slándáil bia chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 2 a bhaint amach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 222d

Cúltaiscí táirgí talmhaíochta

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘cúltaiscí’ stoic atá i seilbh oibreoirí poiblí nó príobháideacha atá ainmnithe le haghaidh úsáid mhíleata nó cosanta sibhialta i gcásanna éigeandála nó i ngéarchéimeanna, lena n-áirítear idirghabhálacha daonnúla nó stoic a choimeádtar ar fáil chun slándáil bia a áirithiú le linn mórshuaitheadh soláthair.

2. I gcás ina mbunaíonn agus ina mbainistíonn na Ballstáit cúltaiscí táirgí talmhaíochta, áiritheoidh siad go ndeartar na bearta sin ar bhealach a íoslaghdaíonn saobhadh margaidh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) déanfar an méid táirgí talmhaíochta atá á gcoinneáil i gcúltaisce a chinneadh ar bhonn spriocanna réamhshainithe;

(b) déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar leibhéil chúltaisce agus, i gcás inar gá, déanfar iad a choigeartú ar bhonn leochaileachtaí sainaitheanta sa slabhra soláthair agus measúnuithe riosca;

(c) déanfar ceannach táirgí talmhaíochta le haghaidh na gcúltaiscí ar phraghsanna an mhargaidh, trí nósanna imeachta tairisceana. Déanfar táirgí talmhaíochta a scaoileadh ó chúltaiscí ar an margadh ar bhealach trédhearcach, ag praghsanna an mhargaidh;

(d) beidh oibríochtaí a bhaineann le cúltaiscí a bhunú, a chothabháil agus a scaoileadh faoi réir faireachán tráthrialta ag údaráis inniúla na mBallstát.

3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit cúltaiscí táirgí talmhaíochta a bhunú agus a bhainistiú, cuirfear na cúltaiscí chun feidhme mar chuid de phlean náisiúnta ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia, dá dtagraítear in Airteagal 222c(2).

Leagfar amach na spriocanna réamhshainithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), sa phlean náisiúnta ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia dá dtagraítear in Airteagal 222c(2).

Áireofar faisnéis maidir le bunú, cothabháil agus scaoileadh cúltaiscí san achoimre ar an bplean náisiúnta ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia dá dtagraítear in Airteagal 222c(6).

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha:

(a) maidir le gníomhaíochtaí comhordaithe chun na cúltaiscí dá dtagraítear i mír 1 a bhunú agus a bhainistiú, amhail catagóirí táirgí a shainaithint chun na cúltaiscí a bhunú agus measúnuithe riosca comhpháirteacha agus sásraí luathrabhaidh a fhorbairt chun rioscaí soláthair trasteorann a mhaolú agus chun leanúnachas an tsoláthair a áirithiú le linn suaitheadh;

(b) maidir le cur chun feidhme sásraí deonacha dlúthpháirtíochta agus cúnaimh fhrithpháirtigh trína gcuireann na Ballstáit codanna dá gcúltaiscí ar fáil do Bhallstát eile a bhfuil ganntanais thromchúiseacha ag bagairt air.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

Airteagal 222e

Comhordú

1. Chun tacú le cur chuige comhordaithe Aontais i leith ullmhacht i ndáil le slándáil bia agus athléimneacht an tslabhra soláthair talmhaíochta, bunóidh an Coimisiún an Sásra Eorpach um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia (EFSCM), lena dtabharfar le chéile údaráis inniúla na mBallstát, eagraíochtaí páirtithe leasmhara ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe ó thríú tíortha roghnaithe.

2. Déanfaidh EFSCM na nithe seo a leanas:

(a) cur chun feidhme éifeachtach reachtaíocht, chláir agus bheartais an Aontais a chur chun cinn maidir le hullmhacht agus freagairt do ghéarchéimeanna soláthair bia agus slándála bia;

(b) comhar agus comhordú a chothú, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le luathrabhadh, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar bhagairtí, freagairt do ghéarchéimeanna agus measúnú iar-ghéarchéime;

(c) tacú le leochaileachtaí struchtúracha agus bearnaí athléimneachta sna slabhraí agraibhia a shainaithint, lena n-áirítear trí thástáil struis, measúnuithe riosca agus pleanáil cásanna;

(d) malartuithe agus idirphlé tráthrialta a chur chun cinn maidir le pleananna náisiúnta ullmhachta agus freagartha maidir le slándáil bia na mBallstát agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus rúndacht na bpleananna sin á cur san áireamh;

(e) rannchuidiú le moltaí nó tionscnaimh bheartais a ullmhú a bhaineann le hullmhacht agus freagairt an Aontais do ghéarchéimeanna soláthair bia agus slándála bia.

Airteagal 222f

Gníomhaíochtaí feabhsaithe i ngéarchéimeanna nó éigeandálaí tromchúiseacha

I gcás géarchéim thromchúiseach dhearbhaithe nó éigeandáil lena mbaineann ardriosca don tslándáil bia, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach, a cheangal ar na Ballstáit agus ar oibreoirí tuairisciú fíor-ama a sholáthar don Choimisiún maidir le stoic ábhartha phoiblí agus phríobháideacha de tháirgí agus ionchuir agraibhia nó maidir le faisnéis eile atá ábhartha chun soláthar na dtáirgí sin san Aontas a áirithiú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Airteagal 222g

Faisnéis íogair nó rúnaicmithe a chosaint

1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar sonraí íogaire nó rúnaicmithe a bhaineann le leibhéil stoic, acmhainneachtaí lóistíochta nó leochaileachtaí soláthair a láimhseáil, a stóráil agus a mhalartú i gcomhréir le rialacha infheidhme an Aontais maidir le faisnéis íogair agus rúnaicmithe a chosaint, lena n-áirítear ceanglais chibearshlándála.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun ceanglais theicniúla agus nós imeachta a shonrú maidir le láimhseáil agus malartú slán na faisnéise sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).';

(32) i gCuid V, cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach:

'*CAIBIDIL III*

Urrúis

Airteagal 222h

Urrúis

1. Iarrfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an Rialachán seo nó leis an reachtaíocht a ghlacfar dá bhun, go dtaiscfear urrús agus ráthaíocht á tabhairt go n-íocfar suim airgid nó go bhforghéillfear í d'údarás inniúil mura gcomhlíonfar oibleagáid ar leith faoin reachtaíocht sin.

2. Seachas i gcásanna force majeure, forghéillfear an t-urrús ina iomláine nó i bpáirt i gcás nach gcuirfear oibleagáid ar leith i gcrích nó mura gcuirfear i gcrích í ach go páirteach.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha lena n-áiritheofar cóir neamh-idirdhealaitheach, cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta agus urrús á thaisceadh agus ar fíor an méid seo a leanas i leith na rialacha sin:

(a) sonrófar leo an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid;

(b) leagfar síos leo na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh;

(c) leagfar síos leo na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir agus na coinníollacha chun an t-urrús sin a thaisceadh agus a scaoileadh;

(d) leagfar síos leo na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh i ndáil le réamhíocaíochtaí;

(e) leagfar amach leo na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dar taisceadh urrús, mar a fhoráiltear i mír 1, lena n-áirítear urrúis a fhorghéilleadh agus an ráta laghdaithe le cur i bhfeidhm nuair a scaoiltear urrúis le haghaidh aisíocaíochtaí, ceadúnais, tairiscintí nó iarratais ar leith, mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh oibleagáid arna cumhdach leis an urrús sin go hiomlán nó go páirteach, agus cineál na hoibleagáide, an méid

maidir lenar sáraíodh an oibleagáid, an tréimhse thar an teorainn ama faoinar cheart an oibleagáid a chomhlíonadh agus an tráth faoinar tugadh an fhianaise gur comhlíonadh an oibleagáid, á gcur san áireamh.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis;

(b) na nósanna imeachta maidir le hurrús a scaoileadh;

(c) na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).';

(33) in Airteagal 225, scriostar pointí (e) agus (f);

(34) in Airteagal 229, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.';

(35) leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus X i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(36) cuirtear isteach an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo mar Iarscríbhinn Ia;

(37) scriostar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

Leanfaidh Airteagail 22 go 25 agus 217, agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 d'fheidhm a bheith acu tar éis an 31 Nollaig 2027 maidir le bearta a chuirfear chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2027.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (19) agus (27), ón [1 Eanáir den bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (31), agus Iarscríbhinn I, pointe (4), ón [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Iarscríbhinn I, pointe (5), ón [1 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2), (3), (7) (10), (16), (18), (29), (30), (32) agus (37), ón [1 Eanáir 2028][*dáta agus pointe (9) ag brath ar dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le haghaidh na tréimhse 2028-2034*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*